# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An Ardteistiméireacht 2012

# Aistriúchán
# Ar Scéim Mharcála

# Eacnamaíocht Bhaile – Eolaíocht agus Sóisialta

## Gnáthleibhéal

# Coimisiun na Scrúduithe Stáit

**Scrúdú na hArdteistiméireachta, 2012**

**EACNAMAÍOCHT BHAILE – EOLAÍOCH AGUS SÓISIALTA**

**GNÁTHLEIBHÉAL**

**280/320 MARC**

# SCÉIM MHARCÁLA

## Treoracha d'Iarrthóirí

**Roinn A** Tá **dhá cheist déag** sa roinn seo.
Ní mór d'iarrthóirí **deich** gceist ar bith a fhreagairt.
Tá **6** mharc ag gabháil le gach ceist.

**Roinn B** Tá **cúig** cheist sa roinn seo.
Ní mór d'iarrthóirí **Ceist 1 agus dhá cheist ar bith eile a fhreagairt**.
Tá **80** marc ag gabháil le **Ceist 1**.
Tá **50** marc an ceann ag gabháil leis na **Ceisteanna 2, 3, 4 agus 5**.

**Roinn C** Tá **trí** cheist sa roinn seo.
Ní mór d'iarrthóirí **ceist amháin** ar ábhar roghnach a fhreagairt, ar a n-áirítear **cuid (a)** den cheist sin mar aon le **cuid (b) nó cuid (c)**.
Tá **80** marc an ceann ag gabháil leis na hábhair roghnacha **1** agus **3**.
Tá **40** marc ag gabháil le hábhar roghnach **2**.
**Scríobh do chuid freagraí sa fhreagarleabhar ar leith atá curtha ar fáil**.

Agus na scéimeanna marcála á bhforbairt, ba chóir an méid seo a leanas a thabhairt faoi deara:

- In go leor cásanna ní thugtar ach príomhfhrásaí ina bhfuil faisnéis agus smaointe a chaithfidh a bheith i bhfreagra an iarrthóra chun na marcanna sannta a thuilleamh

- Níl na tuairiscí, modhanna agus sainmhínithe a thugtar sa scéim uileghabhálach agus is féidir glacadh le freagraí bailí eile

- Maidir leis an méid mionsonraí is gá i bhfreagra ar bith, is é an comhthéacs agus an chaoi a n-iarrtar an cheist a chinneann sin, chomh maith leis an líon marcanna a shanntar ar an bhfreagra ar an scrúdpháipéar. D'fhéadfadh go mbeadh éagsúlacht sna riachtanais agus sna marcanna ó bhliain go bliain, mar sin

- Ní mór focail, leaganacha cainte nó frásaí a úsáid i gceart agus i gcomhthéacs, agus ní féidir iad a bhréagnú, agus sa chás go bhfuil fianaise ar úsáid mhícheart nó ar bhréagnú, níl cead na marcanna a bhronnadh.

## Roinn A

**Freagair deich gceist ar bith as an roinn seo.**
**Tá 6 mharc ag gabháil le gach ceist.**

**1.** Maidir le próitéiní, cuir in iúl le tic (✓) cé acu fíor nó bréagach atá gach ceann de na ráitis seo a leanas. (6)

| Próitéin | Fíor | Bréagach |
|---|---|---|
| Is móilíní móra iad próitéiní atá comhdhéanta d'aonaid níos lú ar a dtugtar aimínaigéid. | ✓ | |
| Is é is albaimin ann ná an phróitéin atá le fáil i ngealacán na huibhe. | ✓ | |
| Is samplaí iad piseanna, pónairí agus lintilí (piseánaigh) de bhianna ar foinsí maithe de phróitéin ar ardluach bitheolaíoch iad. | | ✓ |

**2.** Comhlánaigh na ráitis seo a leanas maidir le hairíonna stáirse trí úsáid a bhaint as na focail atá liostaithe thíos. (6)

***dothuaslagtha, geilitíniú, tais-scópach***

Tá stáirse in ann taise a ionsú ón aer toisc go bhfuil sé *tais-scópach.*

Nuair a théitear stáirse, borrann sé, pléascann sé agus ionsúnn sé an leacht i bpróiseas ar a dtugtar *geilitíniú.*

Bíonn stáirse *dothuaslagtha* in uisce fuar.

**3.** Liostaigh **trí** fheidhm bhitheolaíocha d'uisce. (6)

(i) *rialaíonn sé teocht an choirp, tá sé ina chomhpháirt de gach cill sa chorp, baineann sé fuíll,*

(ii) *múchann sé tart, tá sé riachtanach i leith dianscaoileadh bia le linn díleá, iompraíonn sé*

(iii) *cothaithigh, ocsaigin, dé-ocsaíd charbóin, hormóin agus einsímí ar fud an choirp, soláthraíonn sé mianraí – cailciam, fluairín, etc.*

**4.** Cad is brí leis an téarma *ainéime?* (6)

*Neamhord mar gheall ar uireasa iarainn nó mar gheall ar ionsú iarainn sa chorp, tá iarann freagrach as haemaglóibin a chruthú, rud a iompraíonn ocsaigin san fhuil etc.*

Liostaigh **dhá** fhoinse d'iarann haeim.

(i) *ae, feoil dhearg,* (ii) *táirgí feola sicín etc.*

**5.** Ainmnigh **dhá** fhoinse bia de **gach** ceann de na cothaithigh liostaithe thíos atá oiriúnach do veigeatóir. (6)

| **Cothaitheach** | **Foinse 1** | **Foinse 2** |
|---|---|---|
| Próitéin | *pónaire shoighe, glasraí piseánacha, síolta & cnónna* | *quorn, TVP (próitéin uigeach ghlasraí), tófú, táirgí déiríochta ,etc.* |
| Cailciam | *táirgí déiríochta, táirgí soighe, síolta seasamain* | *glasraí glasa duilleacha, uibheacha, plúr treisithe, arán, gránaigh, etc.* |
| Vitimín B | *uibheacha, táirgí déiríochta, gránaigh* | *giosta, glasraí dúghlasa, bianna treisithe, etc.* |

**6.** Ainmnigh **trí** aicme torthaí agus tabhair sampla **amháin** de gach aicme. (6)

| **Aicme Torthaí** | **Sampla** |
|---|---|
| 1. *torthaí citris,* | 1. *oráistí, líomóidí, líomaí, seadóg, mandairíní, etc.* |
| 2. *torthaí crua / torthaí pomme* | 2. *úlla, piorraí, etc.* |
| 2. *torthaí cloch / drúip* | 3. *plumaí, péitseoga, neachtairíní, silíní, abhacáid, etc.* |
| *Torthaí triomaithe*<br>*Caora*<br>*Eile (trópaiceach, andúchasach)* | *prúnaí, sabhdánaigh, cuiríní, rísíní, aibreoga, dátaí, etc.*<br>*sméara dubha, fraocháin ghorma, sútha talún, sútha craobh, fíonchaora, etc.*<br>*bananaí, cíobhaíonna, biabhóg, anann, mealbhacán, etc.* |

**7.** Mínigh an téarma *breiseán bia.* (6)

*Is breiseán é aon substaint nádúrtha nó shaorga a chuirtear le bia le linn é a dhéanamh chun feabhas a chur ar a dhath, a bhlas, a uigeacht, a dhealramh, a airíonna coinneála, a luach cothaitheach, agus chun próiseáil a éascú, etc.*

Luaigh **dhá** mhíbhuntáiste a bhaineann le breiseáin a úsáid i mbia.

(i) *d'fhéadfadh sé a bheith ina chúis le hailléirgí, iarbhlas, an tomhaltóir a mheabhlú, toradh carnach*

(ii) *hipirghníomhaíocht i leanaí, scriosann roinnt breiseán cothaithigh e.g. scriosann dé-ocsaíd sulfair vitimín B*

**8.** Tabhair **dhá** chúis a bhfuil méadú ag teacht ar tháirgeadh bia ag gnólachtaí beaga agus ag fiontair bhaile. (6)

(i) *méadú ar éileamh ar shainbhianna, cruthaíonn sé fostaíocht agus lucht saothair oilte, úsáidtear comhábhair a tháirgtear go háitiúil, soláthraíonn sé táirge d'ardchaighdeán, etc.*

(ii) *éagsúlacht níos mó táirgí, saor ó bhreiseáin, ullmhaítear bia go cúramach de láimh, íomhá nádúrtha, etc.*

Ainmnigh **dhá** onnmhaire mhóra bia de chuid na hÉireann.

(i) *déirí agus comhábhair, mairteoil / uaineoil / caoireoil / muiceoil, circeoil, torthaí, glasraí, etc.*

(ii) *gairneoireacht inite, muirshaothrúchán / bia mara, bianna ullmhaithe, deochanna, etc.*

**9.** Mínigh an téarma *ÁSPC*. (6)

*Árachas Sóisialta Pá-Choibhneasta, ar asbhaint éigeantach a chomhroinntear idir fostóir agus fostaí é, agus atá bunaithe ar chéatadán d'ioncam an duine aonair, ní mór d'fhostaithe os cionn 16 bliana d'aois é a íoc agus tá daoine ar ioncam íseal díolmhaithe ó ranníocaíocht a dhéanamh, etc.*

Luaigh **dhá** bhuntáiste don duine aonair a bhaineann le ÁSPC.

(i) *sochar dífhostaíochta / liúntas do lucht cuardaigh fostaíochta, sochar máithreachais, pinsean stáit ranníocach*

(ii) *cúram fiacla, cúram súl, sochar míchumais, úsáidtear é i dtreo scéimeanna fostaíochta & oiliúna a reáchtáil, etc.*

**10.** Tá sé cinn d'airí teicstílí liostaithe thíos. Cuir tic (✓) le **trí** airí a bhíonn de dhíth nuair a roghnaíonn tú teicstílí le húsáid sa teach. (6)

| **Airíonna** | Tic (✓) |
|---|---|
| Marthanach | (✓) |
| Buandathach | (✓) |
| Greannach | |
| Gaothdhíonach | (✓) |
| Inlasta | |
| Ionsúiteach | (✓) |

**11.** Ainmnigh foinse fuinnimh in-athnuaite **amháin** agus foinse fuinnimh neamh-in-athnuaite **amháin**. (6)

| **Foinse Fuinnimh In-athnuaite** | **Foinse Fuinnimh Neamh-in-athnuaite** |
|---|---|
| *cumhacht gaoithe, bithmhais, fuinneamh / grianchumhacht, hidreachumhacht, fuinneamh geoiteirmeach, fuinneamh núicléach, etc.* | *gual, gás, ola, móin, breosla iontaise, úráiniam, cóc, antraicít, etc.* |

Luaigh **dhá** mhodh éagsúla chun ídiú fuinnimh a laghdú sa teach.

(i) *feistigh seaicéad fálaithe ar shorcóir, insligh an teach, feistigh grianphainéil, feistigh lasc ama le téitheoir tumtha, úsáid bolgáin DSF, cuir as soilse nuair nach bhfuil siad á n-úsáid, úsáid fearais atá coigilteach ar fhuinneamh, etc.*

(ii) *úsáid teirmeastait & lasca ama go héifeachtúil, coinnigh córais téimh & fearais seirbhísithe, ceannaigh ceallraí in-athluchtaithe, ná fág fearais ar fuireachas, etc.*

**12.** Ainmnigh **dhá** thoisc a mbíonn tionchar acu ar an rogha a dhéanann tomhaltóirí nuair a bhíonn earraí agus seirbhísí á gceannach acu. (6)

(i) *costas / praghas, fógraíocht, pacáistiú & lipéadú, díoltóir*

(ii) *margaíocht, díoltóireacht, rogha phearsanta / luachanna pearsanta, etc.*


Ainmnigh comhlacht reachtúil **amháin** a bhfuil baint aige le cosaint tomhaltóirí.

Comhlacht Reachtúil *e.g. Oifig an Stiúrthóra Gnóthaí Tomhaltóirí, Oifig an Ombudsman, Comhairle, an Bord um Fhaisnéis do Shaoránaigh, an tÚdarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann, an Ghníomhaireacht Náisiúnta do Thomhaltóirí, an Lárionad Eorpach do Thomhaltóirí, an Ghníomhaireacht um Chomhionannas Fostaíochta, an Rialtóir Airgeadais, etc.*

## Roinn B

**Freagair Ceist 1 agus dhá cheist ar bith eile as an roinn seo.**
**Tá 80 marc ag gabháil le Ceist 1. Tá 50 marc an ceann ag gabháil leis na Ceisteanna 2, 3, 4 agus 5.**

**1. Sa Suirbhé Náisiúnta ar Chothú an Duine Fhásta (2011) iarradh ar na rannpháirtithe na sé thoisc a mbíonn tionchar acu ar an rogha bia a rangú in ord tábhachta. Tá na torthaí curtha ar fáil thíos.** *(Comhghuaillíocht Chothúcháin Ollscoileanna na hÉireann)*




**(a)** Bain úsáid as an eolas atá curtha ar fáil sa chairt thuas agus déan trácht agus mionphlé ar na <u>**sé**</u> thoisc a mbíonn tionchar acu ar an rogha a dhéanann duine maidir le bia. (24)

***6 thoisc @ 4 mharc an ceann***

**Blas:** *an toisc is airde, ról na gcéadfaí maidir le rogha bia, radharc, boladh, tadhall, fuaim, braistintí blas bia, seastáin phromóisin in ollmhargaí, cultúr, etc.*
**Sláinte & Cothú:** *an dara toisc is airde, tá tomhaltóirí eolach ar chothú, léann daoine lipéid bhia, méadú ar neamhoird a bhaineann le réim bia, ailléirgí, sainriachtanais chothaithe, modhanna cócaireachta, etc.*
**Costas:** *praghaschoimhlintí, iomaíocht mhéadaithe, ioncam laghdaithe, cúlú eacnamaíochta, siopaí amhail Lidl/Aldi, cúlra socheacnamaíoch, ioncam inchaite, séasúracht, etc.*
**Áis:** *stíleanna maireachtála gnóthacha, fáil ar tháirgí áise, itheachán sa charr, athrú ar phatrúin itheacháin, dúiche, an cineál oibre agus na huaireanta a oibrítear, etc.*
**Rialú Meáchain:** *tá nós ag tomhaltóirí atá níos meabhraí ar mheáchan bianna níos cothaithí a cheannach, baineann leibhéil mhéadaithe galar croí, colaistéaróil agus murtaill le meáchan, fáil ar tháirgí beagmhéathrais, úsáid deochanna cothaitheacha, léigh lipéid le haghaidh luach fuinnimh, etc.*
**Giúmar:** *an toisc is lú tábhacht, féadann giúmar a bheith ina chúis le roghanna neamhréasúnacha bia ar nós bia áise / mearbhia a ithe, bianna luaíochta/suaimhnis a ithe, nósanna itheacháin neamhrialta, etc.*

**(b)** Tabhair cuntas ar Vitimín C faoi <u>**gach**</u> ceann de na ceannteidil seo a leanas: (24)

- príomhfhoinsí bia

***2 fhoinse @ 4 mharc an ceann***

**Torthaí:** *torthaí citris, sútha talún, cuiríní dubha, mogóirí róis, cíobhaí, mealbhacán, etc.*
**Glasraí:** *piobair ghlasa, spionáiste, cabáiste, bachlóga Bhruiséile, brocailí, piseanna, trátaí, prátaí, etc.*
*Bainne agus iógart etc.*

- feidhmeanna bitheolaíocha

***2 fheidhm @ 4 mharc an ceann***

*e.g. táirgeadh collaigine/táirgeadh fíochán tacaíochta, ionsú iarainn agus cailciam, frithocsaídeoir, córas imdhíonachta sláintiúil, cosc scorbaigh, bainteach le déanamh tíorocsaín, cuireann sé cneasú créachtaí chun cinn, cuireann sé cosc ar dhrandail fuilithe, ról i gcosc galar croí, etc.*

- iarmhairt na heaspa

***1 iarmhairt @ 4 mharc***

*e.g. scorbach, cneasú moillithe créachtaí, ainéime, brú craicinn agus fuiliú, tá an duine aonair i mbaol méadaithe breoiteachta agus galair, féadfar go mbeidh fuil níos moille lena téachtadh, airtríteas, galar Parkinson, othrais chraicinn, meathlú súl, etc.*

- a ról in ionsú mianraí.

***1 ról @ 4 mharc***

*e.g. cabhraíonn vitimín C leis an gcorp cailciam, maignéisiam agus iarann a ionsú trí bhíthin iarann cothaithe a chomhshó go foirm intuaslagtha, iarann neamh-haeim a chomhshó go hiarann haeim, etc.*

**(c)** Luaigh bealaí le Vitimín C a choinneáil nuair a bhíonn bianna a bhfuil leibhéil arda Vitimín C iontu **(i)** á n-ullmhú **agus** **(ii)** á gcócaráil. (12)

***3 bhealach @ 4 mharc an ceann / tagairt amháin do gach ceann + ceann amháin eile***

**Ullmhúchán:** *ith agus é amh más féidir, roghnaigh táirgí úra d'ardchaighdeán, úsáid scian ghéar agus/nó scamhaire glasraí, ullmhaigh roimh chócaráil, ná cuir an bia ar maos in uisce*

**Cócaráil:** *cócaráil san íosmhéid uisce ar feadh an íosmhéid ama i sáspan le clár dochtfheistithe, úsáid an leacht cócaireachta chun anraith agus anlainn a dhéanamh, seachain sóid aráin a úsáid, seachain ró-chócaráil, roghnaigh modh oiriúnach cócarála e.g. coinníonn galbhruith an t-uasmhéid cothaitheach, suaithfhrioch, úsáid micreathonnán, cócaráil glasraí reoite gan iad a leá, etc.*

**(d)** Is gnách go gcuirtear na míreanna eolais seo a leanas ar phacáistiú bia.
Mínigh an tairbhe don tomhaltóir atá i n**gach** ceann de na míreanna. (20)

***5 mhír @ 4 mharc an ceann***

- liosta comhábhar

*e.g. féadann daoine seachaint má tá ailléirge acu ar cheann ar bith de na comhábhair, is in ord íslitheach atá comhábhair ionas go mbeidh eolas ag daoine ar chainníocht an phríomh-chomhábhair, cé acu an bhfuil an bia oiriúnach do shainriachtanais chothaithe nó nach bhfuil, (e.g. céiliach, veigeatórach, etc.), ní mór breiseáin (lena n-áirítear blaistithe agus milseoirí) a chur san áireamh, ní mór neart alcóil a thaispeáint ar dheochanna a bhfuil breis agus 1.2% alcól de réir toirte acu, etc.*

- meáchan

*e.g. ní mór cainníocht ghlan a thaispeáint in aonaid mhéadracha i.e. cileagraim, céimnítear uibheacha de réir méide (e.g. méid 1 = 70g +) chun fáil amach cá mhéad cuid/riar a sholáthróidh an táirge, chun comparáid a dhéanamh le táirgí eile a bhfuil an meáchan céanna iontu, etc.*

- eolas cothaithe / beathaithe

*e.g. ní mór bia treisithe a lipéadú go soiléir, ní mór do na héilimh ar an mbia a bheith fíor, (e.g. tá 39% saill in im beagmhéathrais, tá salann laghdaithe aige, tá sé saor ó ghlútan, luach fuinnimh an bhia, cion cothaitheach – stáirse, saillte sáithithe agus il-neamhsháithithe), faisnéis bheathaithe curtha ar fáil sa riar nó sa chuid, etc.*

- is fearr roimh an dáta

*e.g. úsáidtear é seo ar bhianna neamh-shomheata a bhfuil seilfré fhada acu, ní mór an dáta a bheith le feiceáil go soiléir ar na táirgí, beidh an bia arna cheannach ina riocht is fearr lena ithe, is féidir gurb ionann seo agus níos lú ná 3 mhí, nó idir 3 mhí agus 18 mí, nó 18 mí +, ag brath ar an mbia, is féidir bianna a réamhcheannach agus a cheannach ar an mórchóir, etc.*

- an tír inar táirgeadh.

*e.g. ainm agus seoladh an déantóra, an phacáisteora nó an díoltóra san AE. Féadann neamhláithreacht na faisnéise sin an custaiméir a chur amú, d'fhéadfaí nár mhaith le tomhaltóirí ach táirgí baile amháin a cheannach, etc.*

**2. 'Is as na gránaigh a fhaighimid an chuid is mó den iontógáil carbaihiodráití sa réim bia.'**

**(a)** Ainmnigh na príomhfhoinsí gránach sa réim bia in Éirinn **agus** luaigh cén fáth a seachnaíonn daoine áirithe iontógáil gránach nó a gcuireann siad teorainn léi. (20)

***3 fhoinse @ 4 mharc an ceann***

**Foinsí:** *aráin, pasta, rís, gránaigh bhricfeasta, grán buí, eorna, seagal, etc.*

***2 chúis @ 4 mharc an ceann***

**Cúiseanna:** *ní féidir le céiliaigh glútan a dhíleá, féadann sé a bheith ina chúis le séideadh, réim bia GI íseal, réim bia íseal-charbaihiodráite, féadann barraíocht de a bheith ina chúis le méadú meáchain, tá salann fholaithe / siúcraí folaithe i roinnt gránach, etc.*

**(b)** Tabhair cuntas ar an luach cothaitheach atá sna gránaigh. (15)

***3 phointe @ 5 mharc an ceann***

*e.g. tá an crotal amuigh de ghránaigh ard i ngairbhseach – cabhraíonn sé le díleá trí imfháscadh a spreagadh, próitéin (LBV), saill i ngeirm, carbaihiodráit i bhfoirm stáirse, gairbhseach i ngránaigh neamhphróiseáilte*
*grúpa vitimín B, mianraí – cailciam, iarann & fosfar, etc.*

**(c)** Mínigh *foirtiliú bia*.
Déan trácht ar an méadú atá ag teacht ar chaitheamh táirgí bia fortilithe. (15)

***Míniú = 5 mharc***

**Foirtiliú Bia:** *cothaithigh, e.g. vitimíní agus mianraí, curtha le bia chun cothaithigh arna gcailleadh le linn próiseála a ionadú nó chun leibhéil a sháraíonn iad siúd a bhíonn i láthair sa bhia sin de ghnáth a mhéadú e.g. Vitimín A & Vitimín D curtha le bainne beagmhéathrais, etc.*

***2 phointe @ 5 mharc an ceann***

**Caitheamh méadaithe:** *e.g. méadú ar bhreoiteacht a bhaineann le réim bia – féachann foirtiliú bia le tabhairt fúthu sin e.g. aigéad fólach chun forleithne NTDanna (fabhtanna néarfheadáin) a laghdú, Vitimín A & Vitimín D curtha le bainne chun oistéapóróis a chosc, méadaítear bialuach an bhia, tacaíonn sé le nósanna itheacháin sláintiúla, etc.*

**3.** **Is tréimhse ama í an ógántacht ina dtarlaíonn fás agus forbairt go han-tapa.**

**(a)** Tabhair breac-chuntas ar **cheithre** thoisc a mbíonn tionchar acu ar riachtanais chothaithe na n-ógánach. (16)

***4 thoisc @ 4 mharc an ceann***

*e.g. aois, leibhéil ghníomhaíochta, inscne – tosaíonn cailíní míostrú agus teastaíonn iarann dá bhrí sin chun ainéime a sheachaint, stádas sláinte, toircheas, itheachán "faisean na huaire", etc.*

**(b)** Ag cuimhneamh duit ar na treoirlínte reatha maidir le hitheachán sláintiúil agus ar shainriachtanais chothaithe na n-ógánach, déan biachlár (3 bhéile) a phleanáil le haghaidh aon lae **amháin** do theaghlach a bhfuil déagóirí ann. (18)

***3 bhiachlár @ 6 mharc an ceann***

*e.g. bricfeasta, lón agus dinnéar*

| ***Bricfeasta*** | ***Lón*** | ***Dinnéar*** |
|---|---|---|
| *Sú Oráiste* | *Rollóg Dhonn Líonta le Sailéad Cáise* | *Anraith glasraí* |
| *Múslaí + Bainne* | *Úll / Piorra / Oráiste* | *Spaigití Bolognese* |
| *Ubh Scrofa ar Thósta* | *Uisce / Yop* | *Sailéad Torthaí* |
| *Deoch* | | *Uisce* |

**(c)** Déan plé ar **cheithre** athrú i bpatrúin itheacháin na n-ógánach Éireannach ó thús an fichiú haois. (16)

***4 athrú @ 4 mharc an ceann***

*e.g. méadú ar chaitheamh bianna áise a mbeidh na nithe seo a leanas mar thoradh air: méadú ar bhreiseáin, ar shalann, ar shaill sháithithe agus siúcra, iontógáil íseal gairbhsí, béilí neamhrialta, baill aonair de theaghlach ag ithe ag amanna éagsúla, tháinig éagsúlacht bianna isteach in ionad bianna traidisiúnta – rís agus pasta in ionad prátaí, méadú ar veigeatóireachas, raon leathan arán e.g. ciabatta agus aráin bhlaistithe, modhanna cócaireachta éagsúla e.g. bianna micreathoinne, suaithfhriochta agus fulachta, scileanna cócaireachta, imní faoi bhia, tionchar na gcultúr eile trí shaoirí, cláir teilifíse, etc.*

**4 'Is tábhachtaí go mór anois ná riamh an buiséadú mar thasc teaghlaigh le linn an chúlaithe eacnamaíochta.'**

**(a)** Déan plé ar **cheithre** cinn de na príomh-threoirlínte ba chóir a leanúint nuair a bhíonn buiséad á chur le chéile do theaghlach. (20)

***4 threoirlíne @ 5 mharc an ceann***

*e.g. liostaigh gach foinse ioncaim, lena n-áirítear tuarastal/pá, sochair leasa shóisialta; liostaigh gach mír chaiteachais chun caiteachas seasta agus séasúrach agus caiteachas neamhrialta agus roghnach a chuimsiú; dréachtaigh buiséad ina ndáilfear céatadán d'ioncam ar gach costas; ná cuir bónais ná ragobair san áireamh le linn ioncam a ríomh, lamháil coigilteas, coinnigh gach admháil, pleanáil i gcomhair riachtanas agus earraí riachtanais ar dtús e.g. morgáiste / cíos agus billí teaghlaigh, déan soláthar le haghaidh coigilteas fadtéarmach agus gearrthéarmach araon, pleanáil i gcomhair éigeandálaí, lamháil athrú ar thosca, athbhreithnigh agus measúnaigh ar bhonn rialta agus déan athruithe nuair is gá, etc.*

**(b)** Déan cur síos ar **cheithre** bhealach éagsúla ina bhféadfadh tomhaltóir an caiteachas a laghdú agus an buiséad teaghlaigh á bhainistiú. (12)

***4 bhealach @ 3 mharc an ceann***

*e.g. déan liosta agus tú ag siopadóireacht agus cloí leis, ceannaigh earraí athláimhe/déan siopadóireacht i siopaí carthanais, ceannaigh*
*táirgí féinbhranda, ceannaigh bia ar an mórchóir, úsáid gearrthacha níos saoire feola, bain leas iomlán as an oigheann le linn cócarála, úsáid galtáin chisealta / sáspain chisealta le linn cócarála e.g. prátaí agus glasraí, úsáid brúbhruith agus / nó cócaireán micreathoinne, laghdaigh teirmeastait téimh, úsáid líne éadaí in ionad an triomadóra rothlaim, ná cuir air an meaisín níocháin agus an miasniteoir ach nuair atá siad lán, etc.*

**(c)** Tabhair breac-chuntas ar **thrí** chúis a bhfuil sé tábhachtach do theaghlach airgead a choigilt **agus** ainmnigh **dhá** scéim choigiltis atá oiriúnach do theaghlach ar ioncam íseal. (18)

***3 chúis @ 4 mharc an ceann***

*e.g. buarthaí airgeadais a mhaolú, braistint slándála agus neamhspleáchais a thabhairt, is féidir freastal ar éigeandálaí, soláthraíonn sé dea-shampla do bhaill an teaghlaigh, seachnaíonn sé an gá le hiasachtaí / le comhaontuithe creidmheasa, forbraíonn sé dea-cháil airgeadais aon teaghlach, féadann sé ús a thuilleadh má infheistítear go críonna é, úsáideach má táthar ag pleanáil le haghaidh ruda e.g. saoire, etc.*

***2 scéim choigiltis @ 3 mharc***

*e.g.* **An Post***: cuntas taisce, comhaontú tráthchoigilte (íos-tráthchuid mhíosúil de 25.00 euro), cairteacha coigiltis, bannaí coigiltis, etc.*
**Bainc & Cumainn Foirgníochta:** *cuntais taisce prapéilimh, cuntais fógra, cuntais téarma speisialta, etc.*
**Comhar Creidmheasa:** *cuntais taisce prapéilimh, cuntais fógra, stampaí coigiltis 2.00 euro, etc.*

**5.** **(a)**(i) Déan cur síos ar **<u>cheithre</u>** fheidhm a bhaineann leis an teaghlach nua-aoiseach. (20)

***4 fheidhm @ 5 mharc an ceann***

***Feidhm Fhisiceach:*** *atáirgeadh – marthanas an speicis, rialaíonn sé iompar gnéasach, cothú – soláthar do riachtanais fhisiceacha an linbh, cosaint – timpeallacht shlán do gach duine sa teaghlach, lena n-áirítear daoine leochaileacha, etc.*
***Mothúchánach:*** *grá, slándáil, soláthar timpeallachta cásnaí, cabhrú le leanaí féinmheas a fhorbairt, cur ar a gcumas caidrimh rathúla a chruthú, is eiseamláirí do leanaí iad na tuismitheoirí, etc.*
***Geilleagrach:*** *teaghlaigh dhéghairme, oibríonn tuismitheoirí chun airgead a sholáthar do riachtanais na ndaoine sa teaghlach, caitear airgead ar earraí agus ar sheirbhísí, rannchuidíonn sé le geilleagar na tíre trí chánacha a íoc, etc.*
***Sóisialú:*** *múineann an teaghlach noirm agus luachanna, foghlaimíonn leanaí trí bhreathnú agus aithris, araíonacht, meas ar luachanna, ar noirm agus ar ghnásanna na sochaí, etc.*
***Oideachas:*** *is é an teaghlach an bhunfhoinse oideachais, cabhraíonn moladh, misniú agus spéis leis an tréimhse oideachais neamhfhoirmiúil seo, timpeallacht spreagthach, tacaíonn sé le hobair na scoile trí chuidiú a thabhairt le hobair baile, turais oideachasúla, etc.*

(ii) Tabhair **<u>dhá</u>** shampla den chaoi a dtugann an stat tacaíocht do thuismitheoirí agus na feidhmeanna sin á gcur i gcrích. (8)

***2 shampla @ 4 mharc an ceann***

***Feidhm Fhisiceach:*** *tithíocht ó údaráis áitiúla, cúram altramais, seirbhísí tacaíochta amhail tionscadail phobail do mháithreacha agus tionscadail tacaíochta do theaghlaigh, etc.*
***Mothúchánach:*** *cúrsaí tuismitheoireachta, oibrithe sóisialta, comhairleoirí, scoileanna ag cur seirbhísí comhairleoireacht ar fáil do dhaltaí a bhfuil briseadh síos teaghlaigh nó bás tuismitheora etc. ag dul i gcion orthu.*
***Geilleagrach:*** *sochar dífhostaíochta, sochar linbh, forlíonadh ioncam teaghlaigh, íocaíocht teaghlaigh aontuismitheora, liúntas míchumais, liúntas do chúramóirí, pinsean seanaoise, cárta leighis, etc.*
***Sóisialú:*** *naíolanna, naíonraí, grúpaí máithreacha & mamailíneach, ní mór don stát plé le daoine aonair neamhchomhréireacha tríd an gcóras breithiúnach, etc.*
***Oideachas:*** *réamhscoileanna, bunscoileanna agus meánscoileanna, tacaíocht dóibh siúd a bhfuil deacrachtaí foghlama acu, scéimeanna um fhilleadh ar an obair, measúnuithe síceolaíochta chun deacrachtaí foghlama a shainaithint, etc.*

**(b)** Tabhair breac-chuntas ar **<u>thrí</u>** athrú sa tsochaí nua-aoiseach a raibh tionchar acu ar róil inscne sa teaghlach. (12)

***3 athrú @ 4 mharc an ceann***

*e.g. comhionannas méadaithe idir fir agus mná, tá baint níos mó ag fir le cúram leanaí mar gheall ar a rogha féin nómar gheall ar dhífhostaíocht sa chúlú eacnamaíochta reatha; mar thoradh ar an méadú ar theaghlaigh aontuismitheora, tá freagracht mhéadaithe aran tuismitheoir atá fágtha, tá an tábhacht chéanna ag an oideachas d'fhir agus do mhná, líon méadaithe ban ag obair lasmuigh den bhaile, tá roinnt ban ar an bpríomhshaothraí sa teaghlach anois, etc.*

**(c)** Mínigh conas a thugann an tAcht um an Dlí Teaghlaigh (Cothabháil Céilí agus Leanaí), (1976) cosaint don teaghlach. (10)

***2 phointe @ 5 mharc an ceann***

*e.g. is tacaíocht airgeadais í cothabháil a íocann duine ar mhaithe le céile cleithiúnach agus le leanaí cleithiúnacha, ní mór don leanbh a bheith faoi bhun 18 mbliana d'aois, nó faoi bhun 23 bliain d'aois agus in oideachas lánaimseartha, nó a bheith ina leanbh faoi mhíchumas, is féidir cothabháil a iarraidh is cuma cé acu an bhfuil duine ina c(h)ónaí leis an gcéile eile nó an bhfuil siad ina gcónaí óna chéile nó cé acu an bhfuil siad pósta le chéile nó nach bhfuil, is féidir comhaontú a dhéanamh ar chothabháil nó is féidir iarratas a dhéanamh leis an gCúirt Dúiche nó leis an gCúirt Chuarda, ag brath ar an méid, eiseofar ordú cúirte ina mionsonrófar an méid, is féidir le cúirt ordú faoin Acht seo go ndéanfar suim a dhéaduchtú as tuarastail an chéile atá ag tuilleamh agus go n-íocfar í go díreach leis an gcéile cleithiúnach, tugtar an tOrd um Astú Tuillimh air seo, etc.*

# Roinn C


**Freagair ceist amháin as an roinn seo.**

**Iarrthóirí a chuir isteach obair chúrsa i dTeicstílí, Faisean agus Dearadh le haghaidh a scrúdaithe, is í Ceist 2 amháin as an roinn seo a gceadaítear dóibh tabhairt fúithi.**

## Ábhar Roghnach 1 – Dearadh agus Bainistíocht Tí (80 marc)

**Ní mór d'iarrthóirí a roghnaíonn an t-ábhar roghnach seo 1(a) agus 1(b) nó 1(c) a fhreagairt.**

**1.(a) Taispeántar sa léaráid thíos na céimeanna a bhíonn i gceist i gcóireáil uisce sula dtagann sé isteach sa teach.**




(i) Mínigh **ceithre** cinn de na céimeanna a bhíonn i gceist i gcóireáil uisce ionas go mbeidh sé sábháilte don duine le hól agus le húsáid sa teach. (20)

***4 chéim @ 5 mharc an ceann***

***Scagadh*** *– baintear neamhghlainí in uisce amhail smionagar ar snámh etc.*
***Dríodrú*** *– ceimiceáin atá curtha leis an uisce a cheanglaíonn leis an salachar a shuncálann go bun an umair, fágtar an t-uisce le síothlú ionas go bhféadfar ithir agus ábhar soladach eile a bhaint, etc.*
***Scagachán*** *– téann uisce trí chisil scagtha ghainimh, ghairbhéil agus cloch chun aon bharrachas ábhair / salachair a bhaint, etc.*
***Clóiríniú*** *– cuirtear clóirín leis chun baictéir etc. a mharú.*
***Tástáil*** *– déantar uisce a thástáil maidir le caighdeán agus glaineacht agus stóráiltear é i dtaiscumar ardstórála, etc.*
***Stóráil*** *– stóráiltear uisce i dtaiscumar stórála ionas nach n-éireoidh sé neamhghlan, etc.*

(ii) Maidir le córas soláthair an uisce fhuair sa teach, luaigh feidhm gach ceann díobh seo a leanas:

***4 fheidhm @ 5 mharc an ceann***

- coca /comhla liathróide

*e.g. rialaíonn sé an leibhéal uisce san umar uisce san áiléar nó i sistéal an leithris, ligeann sé an méid ceart uisce isteach san umar agus coisceann sé forsceitheadh uisce isteach sa teach etc.*

- stopchoca

*e.g. tá sé suite lasmuigh den teach, is féidir uisce a chur as i gcás éigeandála nó le linn deisithe / tuilte, nó nuair a théann an teaghlach ar saoire, is féidir buacaire breise a fháil faoi dhoirteal na cistine, etc.*

- píobán sceite

*e.g. feistithe ón umar uisce san áiléar a théann amach ón teach i gcás nach n-oibríonn an snámhbhuacaire / an chomhla liathróide etc.*

- píobán an phríomhlíonra

*e.g. aistrítear uisce ón taiscumar trí phíopa príomhlíonra a thugann uisce glan isteach sa teach leis, dúnphoill suite ag eatraimh rialta le haghaidh iniúchadh, etc.*

(iii) Déan cur síos ar **dhá** mhodh chun an méid uisce a úsáidtear sa bhaile a laghdú. (10)

***2 mhodh @ 5 mharc an ceann***

*e.g. glac cithfholcadh in ionad folcadh, stop an buacaire le linn fiacla a scuabadh, calc an doirteal le linn lámha/soithí a ní, cuir as/deisigh buacairí atá ag sileadh, ná líon an citeal barraíocht, suiteáil comhbhuacairí, feistigh sistéil le sruthlú ardtoirte agus ísealtoirte, bain leas as cláir leath-ualaí ar mhiasniteoirí agus ar mheaisíní níocháin, nigh líonta beaga soithí de láimh in ionad an miasniteoir a úsáid, úsáid galtán cisealta le linn maróga Nollag, prátaí, glasraí, etc. a chócaráil.*

**agus**

**1.(b) 'Bíonn cead pleanála ag teastáil do gach tionscadal tógála ach amháin má bhíonn an cineál forbartha díolmhaithe faoi na rialacháin phleanála.'**

(i) Cén fáth a mbíonn sé riachtanach cead pleanála a fháil? (6)

***2 phointe @ 3 mharc an ceann***

*e.g. ní mór gach forbairt bheartaithe a bheith i gcomhréir leis an bplean forbartha áitiúla, le tógáil monarchana tionsclaíocha i gceantair chónaithe a sheachaint, le radharcra agus le nithe is díol spéise do thurasóirí a choimeád, le seantithe a chaomhnú, le díluacháil tithe a chosc, etc.*

(ii) Luaigh an difríocht idir cead imlíneach pleanála agus lánchead pleanála **agus** déan cur síos ar an bpróiseas a bhíonn i gceist chun lánchead pleanála a fháil. (24)

***Difríocht: pointe amháin ar gach cineál @ 4 mharc an ceann***

**Cead Imlíneach Pleanála:** *tá sé riachtanach chun fáil amach cé acu an gcomhaontaíonn an t-údarás pleanála i bprionsabal leis an bhforbairt bheartaithe nó nach gcomhaontaíonn, níl aon phleananna tí ag teastáil, níl ag teastáil ach mapa láithreáin ina léirítear láthair agus leagan amach an láithreáin bheartaithe, bíonn feidhm trí bliana ag Cead Imlíneach Pleanála, etc.*
**Lánchead Pleanála:** *éilíonn sé mionsonraí maidir leis an bhforbairt i.e. sonraí maidir le pleananna, líníochtaí, mapaí leagan amach an láithreáin, soláthar agus draenáil uisce, cóipeanna d'fhógraí poiblí (nuachtán agus láithreán), suíomh an fhógra láithreáin, táille iomchuí & sonraí maidir le hábhair a úsáidfear le linn tógála, etc.*

***Próiseas: 4 phointe @ 4 mharc an ceann***

**Próiseas do Lánchead Pleanála:** *mapaí láithreáin agus pleananna tí le gach sonraíocht a chur isteach, lena n-áirítear ingearchlónna, bailchríocha agus sonraí maidir le hábhair atá á n-úsáid, ní mór fógra iarratais a leagan sa nuachtán áitiúil agus ar an láithreán beartaithe, déantar iarratas leis an údarás áitiúil lena mbaineann, íoctar an táille iomchuí, admhaíonn an t-údarás iarratais go bhfuair sé é agus cuireann sé é ar chlár pleanála le haghaidh iniúchadh poiblí, cuirtear agóidí scríofa isteach, déantar iniúchadh ar an láithreán, tugtar an cinneadh tar éis dhá mhí, deonaítear cead mí amháin ina dhiaidh sin, ní mór cúis a thabhairt d'iarratasóirí i gcás ina ndiúltaítear cead, is féidir achomhairc in aghaidh an údaráis phleanála a dhéanamh leis an mBord Pleanála, etc.*

**nó**

**1.(c)** (i) Luaigh **trí** thoisc ba chóir a chur san áireamh nuair a bhíonn dearadh inmheánach tí á phleanáil agus déan plé orthu. (15)

***3 thoisc @ 5 mharc an ceann***

*e.g. an spás atá ar fáil, feidhm an tseomra, compord, an t-airgead atá ar fáil, costais – costais tosaigh agus costais chothabhála, líon teaghlaigh, éifeachtúlacht fuinnimh, dreach an tí/an tseomra, daingneáin/feistis reatha, rogha phearsanta, scéim dathanna, ábhair arna n-úsáid, feasacht chomhshaoil, etc.*

(ii) Tabhair cuntas achomair ar **thrí** réamhchúram sábháilteachta ba chóir a chur san áireamh nuair a bhíonn seomra folctha an teaghlaigh á phleanáil agus á fheistiú agat. (15)

***3 réamhchúram @ 5 mharc an ceann***

*e.g. urlárlach neamhsciorrach, soilsiú maith – nádúrtha: fuinneog agus spéirléasacha, saorga: feisteas lárnach agus solas thar an doirteal, gan soicéad sa seomra folctha seachas do bhearrthóir, ba cheart gach lasc a oibriú trí chorda tarraingthe nó trí lasc taobh amuigh de dhoras an tseomra folctha, dea-chóras téimh chun tabhairt isteach téitheoirí iniompartha sa seomra folctha a sheachaint, cithfholcadán atá oiriúnach do chathaoir rothaí – seomra fliuch, greimráillí, gan aon mhataí a bheith ann, etc.*

# Ábhar Roghnach 2 – Teicstílí, Faisean agus Dearadh (40 marc)

**Ní mór d'iarrthóirí a roghnaíonn an t-ábhar roghnach seo 2(a) agus 2(b) <u>nó</u> 2(c) a fhreagairt.**

**2.(a) Taispeántar éide scoile thraidisiúnta thíos.**



(i) Déan trácht ar oiriúnacht na héide scoile a thaispeántar thuas. (12)

***6 phointe @ 2 mharc an ceann / 2 thagairt do gach ceannteideal***

Déan tagairt:

- don fheidhm

*e.g. is féidir léi cosaint a sholáthar ón bhfuacht, ón bhfearthainn, ón ngaoth agus ón ngrian, cosaint ó ghortú, ó thine, ó ionfhabhtú agus ó cheimiceáin, cairdeagan ar mhaithe le teas, is féidir an léine phóló a úsáid mar éadaí ranga agus mar éadaí Corpoideachais, aitheantas, is cosúil go bhfuil na bróga compordach agus praiticiúil, etc.*

- don chruth

*e.g. ba cheart dó a bheith oiriúnach don duine a chaitheann é, féadfar nach mbeidh sciorta lán-phléatáilte oiriúnach do dhaoine leathanchrománacha, féadann baill éadaigh leithleacha daoine beaga a ghearradh agus cuma níos lú a chur ar dhaoine arda, tá stíl neamhfhoirmiúil ag an mbríste, béim ar ghuaillí, ar mhuineál, ar choim, etc.*

- don choibhneas

*e.g. cothrom / éagothrom – sciorta glúine le cairdeagan faoin gcoim, suaitheantas i gcomhréir, níl an muineál ró-íseal ar an gcairdeagan, féadann an muineál ar an léine a bheith ar oscailt nó druidte, etc.*

(ii) Mol snáithín oiriúnach don chairdeagan scoile **<u>agus</u>** tabhair cúis le do rogha. (6)

***Ainm: 3 mharc***
***Cúis: 3 mharc***

*e.g. olann – bog, tréan, ionsúiteach, teolaí, athléimneach, compordach le caitheamh, etc.*
*Aicrileach – tréan, ní shíneann sé, furasta le ní, mear le triomú, etc.*

(iii) Déan cur síos ar mhodh **<u>amháin</u>** chun suaitheantas scoile a chur ar an éide scoile. (7)

***Ainm: 3 mharc***
***Cur síos: 2 phointe @ 2 mharc an ceann***

*e.g. appliqué, bróidnéireacht, cuilteáil, feirbeadh, cabhraíocht, etc.*
***appliqué:*** *modh maisiúcháin trí fhabraic amháin a chur le fabraic eile, is féidir an fhabraic uachtair a chur léi de láimh nó le meaisín etc.*

**agus**

**2. (b) 'Cónasc rathúil idir cúrsaí faisin agus cúrsaí stíle is príomhaidhm do thionscal an éadaigh.'**

(i) Ainmnigh dearthóir Éireannach **amháin** agus déan trácht ar an méid a chuireann sé/sí le tionscal an fhaisin. (6)

***Ainm: 3 mharc***

***Méid a chuireann sé/sí leis an tionscal: 3 mharc***

*e.g. Louise Kennedy, John Rocha, Paul Costello, Lainey Keogh, Orla Kiely, Philip Treacy, etc.*
*e.g. éadaí na hÉireann a chur chun cinn thar lear agus sa bhaile, chun cur le hiomrá an tionscail, freastal ar gach grúpa ioncaim, fostaíocht a chur ar fáil, fostaíocht a chruthú i dtionscal fabraicí/faisin na hÉireann, etc.*

(ii) Déan plé ar an méid a chuireann oiriúintí leis na treochtaí faisin reatha. (9)

***3 phointe @ 3 mharc an ceann***

*e.g. cur leis an dealramh foriomlán, an feisteas a chomhlánú, pointe fócasach a chruthú e.g. tarraingíonn crios aird ar an gcoim agus ar na cromáin, féadann scaifeanna dath a chur le feisteas nach bhfuil gairéadach, feisteas a nuashonrú, féadann coirníní & bráisléid cuidiú le bailchríoch a chur ar dhealramh, etc.*

**nó**

**2.(c) 'Tá réimse leathan patrún tráchtála ar fáil chun riachtanais an tomhaltóra a shásamh.'**

(i) Luaigh **trí** thoisc ba chóir a chur san áireamh agus patrúin tráchtála á roghnú. (6)

***3 thoisc @ 2 mharc an ceann***

*e.g. toisí coirp, patrún méide ceart, branda an phatrúin, ceannaigh an patrún le raon ball éadaí – luach ar airgead, ceannaigh an patrún roimh an bhfabraic, cumas an duine maidir le patrúin a úsáid – roghnaigh dá réir sin, etc.*

(ii) Liostaigh na céimeanna ba chóir a leanúint agus patrún á leagan amach ar fhabraic. (9)

**3 chéim @ 3 mharc**

*e.g. cloí le treoracha patrúin, pionnáil an fhabraic le chéile ar thaobhanna oscailte, cuir treocheangal snáithe dírí leis an gciumhais, ba cheart píosaí an phatrúin a chuirfí leis an bhfilleadh a leagan go díreach ar an bhfilleadh, bí eolach ar an mbruth ar an bhfabraic, an patrún ar an bhfabraic e.g. línte, cló foriomlán, etc., coinnigh an fhabraic cothrom ar dhromchla crua, etc.*

## Ábhar Roghnach 3 – Staidéar Sóisialta (80 marc)

**Ní mór d'iarrthóirí a roghnaíonn an t-ábhar roghnach seo 3(a) agus 3(b) nó 3(c) a fhreagairt.**

**3.(a) 'Tarlaíonn athruithe sóisialta ar chúiseanna éagsúla agus bíonn tionchar mór acu ar shaol an teaghlaigh in Éirinn.'**

(i) Déan plé ar **dhá** shlí a mbíonn tionchar ag **gach** ceann díobh seo a leanas ar shaol an teaghlaigh in Éirinn: (40)

- níos mó daoine ina gcónaí i gceantair uirbeacha

***2 phointe @ 5 mharc an ceann***

*e.g. tuilleadh seirbhísí agus fóntas ar fáil, tá teacht níos éasca ar áiseanna siamsaíochta agus fóillíochta, méadú ar thruailliú ó thorann agus ar thruailliú aeir, plódú tráchta, d'fhéadfadh seirbhísí sláinte agus oideachais a bheith neamhleor mar gheall ar fhás faoin daonra, ceantair ard-dífhostaíochta, fadhbanna sóisialta, etc.*

- dearcadh daoine ag athrú maidir leis an bpósadh

***2 phointe @ 5 mharc an ceann***

*e.g. tionchar na hEaglaise ag laghdú, briseadh síos an teaghlaigh thraidisiúnta, méadú ar thuismitheoirí aonair, is féidir nach bhfuil eiseamláir ar fear é nó ar bean í ag leanaí, níos lú póstaí, roghnaíonn tuilleadh daoine comhchónaí, tá colscaradh agus briseadh síos pósta níos inghlactha ó thaobh na sochaí de, níl aon smál ag gabháil le leanaí a bheirtear lasmuigh de phósadh a thuilleadh, ní mór do leanaí oiriúnú do theaghlaigh chumaisc, tá oideachas níos fearr ar mhná agus tá siad ábalta a ngairm féin a leanúint – níl siad ag brath chomh mór céanna ar chéile / ar pháirtí, etc.*

- dearcadh daoine ag athrú maidir leis an tuismitheoireacht

***2 phointe @ 5 mharc an ceann***

*e.g. níos mó daonlathais i dteaghlaigh, tá baint níos mó ag leanaí le cúrsaí teaghlaigh, admhaíonn saoire atharthachta agus saoire thuismitheoirí ról an athar mar aon le ról na máthar, soláthar áiseanna cúram lae san ionad oibre, saoire mháithreachais íoctha, rogha fleisc-ama nó postroinnte chun spreagadh a thabhairt do mhná leanúint lena bpost, is minic a mheastar go bhfuil trócaire agus barraíocht saoirse agus easpa maoirseachta tuismitheoirí ina dtosca de thuilleadh fadhbanna sóisialta, etc.*

- feabhsuithe ar sholáthar an leasa shóisialta.

***2 phointe @ 5 mharc an ceann***

*laghdaigh sochar linbh minicíocht na bochtaineachta linbh, cabhraíonn pinsin seanaoise, liúntas maireachtála aonair agus liúntais bhreosla le maolú cruatain i measc daoine scothaosta, measann an t-aonad teaghlaigh nach bhfuil an fhreagracht chéanna air as daoine atá ar scor, faoi mhíchumas, dífhostaithe nó ar baintreacha/baintreacha fir iad ó tugadh leas sóisialta isteach, féadann tuismitheoirí ar baintreacha/baintreacha fir iad nó tuismitheoirí aonair sochair stáit a fháil, féadann teaghlaigh ar ioncam íseal leas a bhaint as forlíonadh ioncam teaghlaigh agus as an Liúntas Éadaí agus Coisbhirt chun Filleadh ar Scoil, etc.*

(ii) Ainmnigh tionscnamh **amháin** a chabhraigh chun an daonra a choinneáil i gceantair tuaithe **agus** tabhair sonraí faoi. (10)

***Ainm: = 4 mharc, sonraí: 2 phointe @ 3 mharc an ceann***

*e.g. ath-imlonnú ranna rialtais agus gníomhaireachtaí stáit go láithreacha tuaithe.*
*scéimeanna athlonnaithe tuaithe*
*GFT – freagracht as infheistíocht a aimsiú ó thíortha thar lear, spreagann sí infheisteoirí reatha a ngnóthas a fhairsingiú agus a fhorbairt i gceantair tuaithe etc.*

*Fás/Solas – soláthraíonn sé fostaíocht phobal-bhunaithe, cláir oiliúna i réimsí ar nós cúram leanaí agus gairneoireachta etc. cabhraíonn sé le daoine taithí a fháil ar bhreisoiliúint agus ar fhostaíocht, tairgeann sé oiliúint do ghrúpaí mionlaigh, soláthraíonn sé uasoiliúint, íocaíocht le linn oiliúna, etc.*
*Fiontraíocht Éireann – déanann sí gnó na hÉireann a fhorbairt agus a chur chun cinn sa tír seo agus thar lear, cabhraíonn sí le cuideachtaí margaí a fhorbairt, díolacháin a mhéadú agus tuilleadh daoine a fhostú, etc.*
*Boird Fiontar Contae – tacaíonn siad le gnóthais bheaga ag an leibhéal áitiúla, soláthraíonn siad comhairle, meantóireacht agus cúnamh airgeadais i bhfoirm deontas, spreagann siad cruthú post agus an cothú post inbhuanaithe, tionscadal baile, comharchumann, etc.*
*Scéim Tús Oibre, Bonneagar Feabhsaithe – bóithre, teileachumarsáid, etc.*

**agus**

**3.(b) 'Caitear níos mó den saol i mbun cúrsaí oibre ná i mbun aon ghníomhaíochta eile.'**

(i) Ainmnigh **agus** pléigh **ceithre** cinn de na príomhchúiseanna a mbíonn daoine ag obair. (20)

***4 chúis @ 5 mharc an ceann***

*e.g. tá an ceart ag daoine chun oibre, neamhspleáchas airgeadais, caighdeán beatha a ardú, stádas, airgead a choigilt le haghaidh tithe, carranna, coláiste, etc., cabhrú le tuismitheoirí íoc as bunriachtanais, táillí scoile, billí, etc., piarbhrú, ról oibre an aosaigh a thuiscint, ligeann a gcuid airgid féin dóibh roghanna pearsanta tomhaltóra a dhéanamh, sásamh as jab, braistint ghnóthachtála, úsáid a bhaint as cáilíochtaí, coinníonn sé daoine gnóthach, sóisialú, etc.*

(ii) Tabhair breac-chuntas ar an gcosaint a thugann an tAcht um Chosaint Daoine Óga (Fostaíocht), 1996 (10)

***2 phointe @ 5 mharc an ceann***

*e.g. tá feidhm aige maidir le gach fostaí faoi bhun ocht mbliana déag d'aois, leagann sé coinníollacha oibre amach – uaireanta, aoisteorainneacha agus sosanna, tá cosc ar fhostaíocht daoine faoi bhun 16 bliana d'aois i bpost lánaimseartha, is féidir daoine atá 14 bliana d'aois & 15 bliana d'aois a fhostú le haghaidh oibre atá 'éadrom' le linn laethanta saoire scoile nó le linn an téarma nó taithí oibre, is féidir le daoine atá 14 bliana d'aois & 15 bliana d'aois obair ar feadh 35 uair sa tseachtain ar a mhéad, féadann daoine idir 16 bliana d'aois agus 18 mbliana d'aois obair ar feadh 40 uair sa tseachtain ar a mhéad, ní féidir éileamh ar dhaoine faoi bhun 18 mbliana d'aois obair tar éis 10i.n., ní mór d'fhostóirí cóip den teastas breithe a fháil i gcás ina bhfuil fostaí faoi bhun 18 mbliana d'aois agus ní mór dóibh cead scríofa a fháil ó thuismitheoirí / ó chaomhnóirí i gcás ina bhfuil fostaí faoi bhun 16 bliana d'aois, is féidir fostóirí a sháraíonn an reachtaíocht sin a ionchúiseamh agus a fhíneáil, etc.*

**nó**

**3.(c) 'Bhí sé ar phríomhaidhmeanna an oideachais riamh feabhas a chur ar na caighdeáin a bhaineann foghlaimeoirí amach.'**

(i) Ainmnigh **dhá** chlár oideachais a ceapadh go speisialta mar chúnamh chun daoine óga a choinneáil san oideachas dara leibhéal **agus** tabhair sonraí fúthu. (18)

***Ainm: 2 chlár @ 3 mharc an ceann***

***Sonraí: 4 phointe @ 3 mharc an ceann / 2 cheann a thagraíonn do gach clár***

**Cláir:** ***An Clár Críochnaithe Scoile*** *– laghdaíonn sé an líon daltaí a éiríonn as scoil go luath, soláthraítear uaireanta breise múinteoireachta, déantar faireachán ar neamhláithreachtaí, clubanna bricfeasta agus lóin chun áirithiú go bhfuil béilí cothroma á n-ithe ag daltaí, clubanna iarscoile obair baile, ní mór do gach scoil a bhfuil baint aici leis plean coinneála a*

*bhaineann go sonrach lena cuid riachtanas a fhorbairt, is príomhchuid den tionscnamh é plean ionduchtúcháin do lucht na chéad bhliana, etc.*

***An Ardteistiméireacht Fheidhmeach** – ullmhaíonn sí daltaí le haghaidh oibre, is clár modúlach í, déantar measúnú ar dhaltaí thar thréimhse dhá bhliain le measúnuithe scríofa agus béil, le hagallaimh agus le measúnuithe ar thascanna daltaí, etc.*

***Ar na cláir eile tá siad seo a leanas: Ógtheagmháil, GCAT, an Idirbhliain agus TSCS etc.***

(ii) Luaigh **dhá** bhuntáiste don dalta a bhaineann le **gach** clár atá ainmnithe agat. (12)

***4 bhuntáiste @ 3 mharc an ceann / 2 cheann do gach clár***

**Buntáistí:** *leantar ar aghaidh le sóisialú, rud a chuireann ar chumas daoine oiriúnú don tsochaí agus go nglacfaidh an tsochaí leo, cuireann sé le forbairt mhothúchánach agus mothálacht maidir le riachtanais daoine eile, féadann piaraí agus scrúduithe dúshláin agus iomaíocht a sholáthar, méadaíonn sé féinmheas, spreagann sé féinfhorbairt, braistint ghnóthachtála, múineann sé scileanna saoil agus scileanna a bhaineann le saol oibre an aosaigh, éascaíonn taithí oibre naisc sa phobal agus sna gnóthais agus tugann sí taithí phraiticiúil do dhaltaí ar ghairmeacha agus ar chúrsaí atá oiriúnach do riachtanais an duine aonair agus d'fhéadfadh sí a bheith ina fhoinse fostaíochta breise, etc.*

# SCRÚDÚ na hARDTEISTIMÉIREACHTA 2012

# Aistriúchan ar Scéim Mharcála

## EACNAMAÍOCHT BHAILE - EOLAÍOCHT AGUS SÓISIALTA OBAIR CHÚRSA STAIDÉAR BIA

***(400 marc / 80 an marc ualaithe)***

***(Chun an marc ualaithe a ríomh – roinn an marc amh a bronnadh ar 5)***

# Critéir Ghinearálta Mharcála don Obair Chúrsa Praiticiúil sa Staidéar Bia

**Fiosrúchán: Anailís/Taighde – 30 marc**

***Taighde agus Anailís*** **= 20**

***Banda A 16-20 marc (an-mhaith – ar fheabhas)***
*Fiosrúchán*

- *tá fianaise ann go ndearnadh* ***taiscéalaíocht chríochnúil*** *agus* ***anailís chuimsitheach*** *ar na saincheisteanna agus ar na cúinsí a bhaineann go díreach le príomhriachtanais an taisc*
- *tá sé cruinn, bunaithe ar raon foinsí agus curtha i láthair go comhleanúnach*
- *baineann sé úsáid as fianaise ón taighde mar bhonn leis na roghanna cuí agus biachláir/miasa/táirgí á roghnú*

***Banda B 11-15 marc (an-ábalta– go maith)***
*Fiosrúchán*

- *tá fianaise ann go ndearnadh* ***taiscéalaíocht*** *agus roinnt* ***anailíse*** *ar na saincheisteanna agus ar na cúinsí a bhaineann go ginearálta le príomhriachtanais an taisc*
- *tá sé cruinn, bunaithe ar raon foinsí agus curtha i láthair go comhleanúnach*
- *baineann sé úsáid as fianaise ón taighde mar bhonn leis na roghanna cuí agus biachláir/miasa/táirgí á roghnú*

***Banda C 6-10 marc (bunúsach -ábalta)***
*Fiosrúchán*

- *tá fianaise ann go ndearnadh* ***taiscéalaíocht*** *ar na saincheisteanna agus ar na cúinsí a bhaineann go ginearálta le príomhriachtanais an taisc*
- *tá sé réasúnta cruinn, bunaithe ar raon foinsí agus curtha i láthair go comhleanúnach*
- *baineann sé úsáid as fianaise ón taighde mar bhonn leis na roghanna agus biachláir/miasa/táirgí á roghnú*

***Banda D 0-5 marc (an-bhunúsach – teoranta)***
*Fiosrúchán*

- *tá fianaise ann* ***ar thuiscint an-bhunúsach teoranta*** *ar phríomhriachtanais taisc*
- *tá cuid den eolas nó an t-iomlán de éiginnte agus gan ach cuid de cruinn; tá easpa comhleanúnachais sa chur i láthair*
- *baineann sé úsáid as fianaise ón taighde mar bhonn leis na roghanna agus biachláir/miasa/táirgí á roghnú*

**Gach Tasc - 2 bhéile dhá chúrsa / 2 mhias / 2 tháirge/ biachlár lae** **= 4**

***Mura ndéantar fiosrúchán ar an mias a ullmhaítear -1 / -2 mharc san Fhiosrúchán***
*(biachlár – cúrsa tosaigh/ milseog = 1 mharc amháin, príomhchúrsa = 1 marc amháin)*

*béilí / miasa / táirgí oiriúnacha agus aird á tabhairt ar chúinsí a aithníodh agus a ndearnadh anailís orthu san fhiosrúchán*

***Ní mór biachláir/príomhchúrsa/miasa a bheith cothromaithe – glac le 3 cinn as 4 ghrúpa bia***

**Cúiseanna / critéir roghnaithe – (2 × 2 mharc)** **= 4**
*Léiríonn go soiléir na critéir a chinntigh rogha na méise nó an táirge a roghnaíodh chun é a ullmhú.*

**Foinsí** *ar a n-áirítear foinse an oidis* **– 2 × 1 mharc (2 mharc)** **= 2**

## *Ullmhúchán agus Pleanáil – 6 mharc*

- Acmhainní (comhábhair ar a n-áirítear costáil, trealamh) **= 3**
  - *na príomh-chomhábhair, costas aonaid, an príomhthrealamh a úsáideadh ag brath ar an mias*

  (bíodh coinne le costas ar gach rud seachas Réimse Cleachtais E)
- Roinnt Ama / Ord na hoibre **= 3**
  - Ullmhúchán, ord na dtascanna, measúnú

  *Banda A: 3 mharc – gach príomhchéim sainaitheanta, an t-ord ceart*
  *Banda B: 2 mharc – roinnt príomhchéimeanna sainaitheanta nó an t-ord mícheart*
  *Banda C: 1 mharc – gan ach roinnt príomhchéimeanna sainaitheanta agus an t-ord mícheart*

## Cur i bhFeidhm – 28 marc

- Cur síos gearr ar an modh oibre a leanadh ar a n-áirítear ullmhúchán, <u>próisis leis an mbia a ullmhú</u>, <u>am cócaireachta / teocht</u>, riar / cur i láthair, níochán, blaiseadh / measúnú. **= 16**

  *(Ba chóir go mbeadh an t-eolas / an cuntas i bhfocail an iarrthóra féin)*

  ***Banda A 13 - 16 marc (an-mhaith – ar fheabhas))***
  *Sainaithnítear gach céim riachtanach in ullmhúchán na méise, déantar achoimre orthu agus cuirtear i láthair i bhfocail an iarrthóra féin iad, san ord ceart agus tagairt cheart don phróiseas / do na próisis ullmhúcháin chuí ar baineadh úsáid astu chun an bia a ullmhú*

  ***Banda B 9 - 12 marc (an-ábalta – go maith)***
  *Sainaithnítear formhór na gcéimeanna riachtanacha in ullmhúchán na méise, déantar achoimre orthu agus cuirtear i láthair san ord ceart iad le tagairt cheart don phróiseas / do na próisis ullmhúcháin chuí ar baineadh úsáid astu chun an bia a ullmhú*

  ***Banda C 5 - 8 marc (bunúsach – ábalta)***
  *Sainaithnítear roinnt céimeanna riachtanacha in ullmhúchán na méise, déantar achoimre orthu agus cuirtear i láthair san ord ceart iad le tagairt cheart don phróiseas / do na próisis ullmhúcháin chuí ar baineadh úsáid astu chun an bia a ullmhú*

  ***Banda D: 1 - 4 mharc (an-bhunúsach – teoranta)***
  *Ní shainaithnítear aon cheann, nó ní shainaithnítear ach roinnt, de na céimeanna riachtanacha in ullmhúchán na méise, ní dhéantar achoimre orthu ná ní chuirtear i láthair san ord ceart iad le tagairt cheart don phróiseas /do na próisis ullmhúcháin chuí ar baineadh úsáid astu chun an bia a ullmhú*

- **Na príomhchúinsí a cuireadh san áireamh2 × 4 mharc** **= 8**

  (caithfidh baint a bheith acu leis an mias / tástáil áirithe)
  *Sainaithint (2) agus míniú soiléir ar thábhacht (2) dhá chúinse a cuireadh san áireamh a raibh baint chriticiúil acu leis an gcaoi ar éirigh leis an mias*

- **Sábháilteacht / Sláinteachas** **2 × 2 mharc** **= 4**

  (caithfidh baint a bheith acu le comhábhair shainiúla atá in úsáid / leis an mias atá á cócaráil)
  *Sainaithint (1) agus míniú soiléir (1) ar phríomh-shaincheist sábháilteachta **amháin** <u>**agus**</u> ar phríomh-shaincheist sláinteachais **amháin** a cuireadh san áireamh agus an mhias á hullmhú agus á cócaráil / an tástáil á dhéanamh*

## Measúnú – 16 marc

Déan measúnú ar an tasc sna téarmaí seo:

- **Cur i bhFeidhm** **2 × 4 mharc an ceann** **= 8**

  ***Banda A -4 mharc*** *– shainaithin, agus rinne anailís ar, laigí / láidreachtaí sainiúla agus an tasc á dhéanamh, cuireadh bonn soiléir faoi mhionathruithe nuair a moladh iad, rinneadh anailís chriticiúil ar úsáid acmhainní / pleanáil*
  ***Banda B- 3 mharc*** *– shainaithin laigí / láidreachtaí sainiúla agus an tasc á dhéanamh, cuireadh bonn éigin faoi mhionathruithe a moladh, rinneadh anailís theoranta ar úsáid acmhainní / pleanáil*
  ***Banda C- 2 mharc –*** *rinneadh iarracht éigin laigí nó láidreachtaí a shainaithint agus an tasc á thabhairt chun críche, níor cuireadh bonn faoi mhionathruithe nuair a moladh iad, rinneadh tagairt d'úsáid acmhainní / don phleanáil*

- **Sainriachtanais** an taisc **2 × 4 mharc an ceann** **= 8**

  ***Banda A 4 mharc*** *– baintear tátal eolach as an obair i gcás dhá phríomhriachtanas de chuid an taisc*
  ***Banda B 3 mharc*** *– baineann tátal teoranta as an obair i gcás dhá phríomhriachtanas de chuid an taisc*
  ***Banda C 2 mharc –*** *déanann achoimre ar dhá thoradh ar an obair maidir leis an tasc*

**Réimse Cleachtais A – Cur i bhFeidhm Phrionsabal an Chothaithe**

**Tasc 1**

| |
|---|
| ***De réir mar a théann daoine in aois, tá sé tábhachtach go gcuirfí a riachtanais chothaithe agus chothaitheacha atá ag athrú san áireamh agus béilí á bpleanáil.*** <br><br> Déan taighde agus mionléiriú ar na riachtanais chothaitheacha agus ar na treoirlínte pleanála béilí is cóir do dhaoine níos sine a chur san áireamh agus béilí á bpleanáil acu. <br> Agus na cúinsí seo á gcur san áireamh, déan fiosrú ar réimse biachlár (dhá chúrsa) oiriúnach do phríomhbhéile an lae don ghrúpa seo. <br> Ullmhaigh, cócaráil agus riar ceann **amháin** de na príomhchúrsaí a bhfuil fiosrú déanta agat orthu. <br> Déan an tasc a mheasúnú i dtaca **(a)** lena fheidhmiú agus **(b)** le riachtanais shainiúla an taisc. |

**Príomhriachtanais an taisc**

- *riachtanais chothaithe / chothaitheacha ba cheart do dhaoine atá ag dul in aois a bhreithniú agus béilí á bpleanáil*
- *treoirlínte ábhartha do phleanáil béile le tagairt ar leith do dhaoine atá ag dul in aois*
- *raon de mhiasa príomhchúrsa*
- *mias phríomhchúrsa agus cúiseanna leis an rogha.*

**Fiosrúchán**

**Riachtanais chothaithe / chothaitheacha** – *cothromaíocht chothaitheach, riachtanais laethúla mhacra-/micreachothaitheach ar a n-áirítear riachtanais phróitéine / charbaihiodráite / saille / iarainn / chailciam mar is cuí do riachtanais daoine atá ag dul in aois agus na cúiseanna a bheadh le héagsúlacht, neart snáithín, Vitimín C / ionsú iarainn, Vitimín D / ionsú cailciam, an gá atá le breis B6, B12 agus fóláite de bharr iontógálacha íseal agus mí-ionsú, éagsúlachtaí a d'fhéadfadh a bheith i riachtanais fuinnimh – ní bhíonn daoine atá ag dul in aois chomh gníomhach mar sin ní theastaíonn a oiread calraí uathu ó tharla go bhfuil bunráta meitibileach níos ísle acu, cothromaíocht fuinnimh maidir le leibhéil ghníomhaíochta, treoirlínte cothaitheacha reatha maidir le hiontógáil chothaitheach agus bia, úsáid forbhia béilí mar shampla deochanna – Ovaltine, Milo, Ensure, etc.*

**Treoirlínte pleanála do bhéilí** – *úsáid na pirimide bia le cothromaíocht a chinntiú, éagsúlacht bianna, an rud is maith le duine agus an rud nach maith leis, iontógáil cheart leachtanna chun an díhiodráitiú a chosc – 8 gloine leachta in aghaidh an lae, bianna le neart snáithín, cur leis an méid cailciam, seachain bianna ina bhfuil a lán salainn, saille sáithithe agus siúcra, i.e. bianna áise; má roghnaítear bianna áise, roghnaigh bianna treisithe, sneaiceanna sláintiúla, bianna a dhíleáitear go héasca, bianna atá sa séasúr – ceisteanna faoi acmhainní, codanna níos lú, breithnigh bianna atá éasca le hithe / le cogaint do dhaoine atá ag dul in aois agus a bhfuil fadhbanna lena gcuid fiacla acu, bacainní fisiciúla, e.g. airtríteas, úsáid bianna atá réamh-ullmhaithe / éasca le hullmhú, féadfaidh riochtaí míochaine tionchar a imirt ar na bianna a itear, athruithe céadfacha – féadfaidh athrú teacht ar an dúil sa bhia, ní mheascann cógais le gach cineál bia, féadfaidh siad tionchar a imirt ar ionsú agus ar mheitibileacht chothaitheach, bíonn drugaí frith-athlastacha ina gcúiseanna masmais, úsáid púdar bainne chun cur leis an méid cailciam, próitéine agus calraí, etc. a itear.*

**Miasa a roghnaíodh – réimse biachlár do phríomhbhéile**
**– caithfidh siad a bheith oiriúnach do dhaoine atá ag dul in aois**
**– caithfidh príomhchúrsa a bheith ann.**

**Measúnú** (riachtanais shainiúla an taisc)
*Anailís ar thorthaí maidir le riachtanais chothaitheacha mias príomhchúrsa do dhaoine atá ag dul in aois.*
*Treoir do phleanáil béilí – raon de miasa príomhchúrsa atá oiriúnach do dhaoine atá ag dul in aois, an chaoi a dtagann an mhias a roghnaíodh leis na riachtanais a sainaithníodh san fhiosrúchán.*

## Tasc 2

***Tá taighde ann a léiríonn go bhfuil an murtall i bpáistí éirithe fíorchoitianta san Eoraip agus go bhfuil meáchan an choirp ar an ngalar is leitheadaí i measc páistí anois..... tá méadú faoi thrí tagtha le deich mbliana anuas ar líon na bpáistí atá i bhfad róthrom.***

***(Tuarascáil an Tascfhórsa Náisiúnta um Murtall 2005)***

Ag tagairt don ráiteas seo, déan fiosrú agus mionléiriú ar na cleachtais chothaithe, na riachtanais chothaitheacha agus na tosca is cóir a chur san áireamh agus béilí á bpleanáil do pháistí atá ag freastal ar scoil chun meáchan sláintiúil a choimeád.
Ag féachaint do na tosca atá tugtha faoi deara agat i do chuid taighde, scríobh biachlár (trí bhéile) do lá **amháin** a bheadh oiriúnach do pháistí atá ag freastal ar scoil. Bíodh lón pacáilte san áireamh ann. Ullmhaigh, cócaráil agus riar an príomhchúrsa de phríomhbhéile an lae.
Déan an tasc a mheasúnú i dtaca **(a)** lena fheidhmiú agus **(b)** le riachtanais shainiúla an taisc.

**Príomhriachtanais an taisc**

- ***riachtanais chothaithe*** *do* ***pháistí atá ag freastal ar scoil*** *chun* ***meáchan sláintiúil*** *a choimeád*
- ***cleachtais chothúcháin / treoirlínte pleanála maidir le béilí do pháistí scoile d'fhonn meáchan sláintiúil a choiméad.***
- *biachlár do lá* ***amháin*** *(trí bhéile), lón pacáilte le bheith san áireamh*
- *an phríomh-mhias a roghnaíodh agus cúiseanna leis an rogha.*

**Fiosrúchán**

***Riachtanais chothaithe –*** *cothromaíocht chothaitheach, riachtanais laethúla mhacra-/micreachothaitheach ar a n-áirítear riachtanais phróitéine / charbaihiodráite / saille / iarainn / chailciam mar is cuí, neart snáithín, Vitimín C / ionsú iarainn, Vitimín D / ionsú Cailciam, iontógáil fosfair a mhéadú, lean treoirlínte cothaitheacha reatha maidir le hiontógáil chothaitheach agus bia, le tagairt ar leith do na riachtanais do pháistí atá ag freastal ar scoil, cothromaíocht fuinnimh chuí, etc.*

***Cleachtais Chothúcháin / Treoirlínte pleanála do bhéilí –*** *úsáid na pirimide bia le cothromaíocht a chinntiú, cuir tús le patrún ina n-itear trí bhéile chothroma rialta gach lá, ag tosú le bricfeasta maith, ba chóir do thuismitheoirí sampla maith a léiriú – a bheith ina n-eiseamláirí d'ithe sláintiúil, codanna iomchuí, úsáid glasraí / sneaiceanna sláintiúla seachas milseáin mar luach saothair ar dhea-iompar, bíodh glasraí suimiúla le hithe, gearr iad ina gcruthanna éagsúla, gearr anuas ar / seachain bianna próiseáilte, sneaicbhianna agus bianna gan cileacalraí, seachain bianna míncharbaihiodráite agus cuir táirgí caiscín ina n-áit, cuir bianna maithe isteach le bianna beagmhaitheasa de réir a chéile, roghnaigh bianna a bhfuil GI (innéacs glicéime) íseal acu, roghnaigh éineoil, iasc bán, feoil thrua, gearr an tsaill den fheoil, seachain bianna a bhfuil saill i bhfolach iontu, e.g. cístí, brioscaí, taosráin etc. agus cuir rogha torthaí agus glasraí ina n-áit, seachain modhanna cócaireachta míshláintiúla e.g. gríoscadh seachas friochadh, galbhruith, bruith nó bácáil an bia ar fad, ól uisce agus súnna torthaí nádúrtha seachas deochanna súilíneacha, seachain bianna a bhfuil a lán salainn, siúcra agus saille sáithithe iontu, déan do chuid deochanna féin as glasraí agus torthaí, úsáid glasraí seachas milseáin, bíodh páistí páirteach sa tsiopadóireacht agus in ullmhú bia, riar na bianna is fearr leo in éineacht le bianna nua, pleanáil béilí / lónta is féidir a ithe go tapa, mar bíonn deifir ar pháistí, etc.*

**Miasa a roghnaíodh** - **biachlár do lá amháin (trí bhéile) lena n-áirítear lón pacáilte**
- **caithfidh siad teacht leis na riachtanais chothaitheacha a shainaithnítear do pháistí atá**
- **ag freastal ar scoil chun meáchan sláintiúil a choimeád**
- **caithfidh príomhchúrsa a bheith ann.**

**Measúnú** (riachtanais shainiúla an taisc)
*Anailís ar na torthaí a fuair tú faoinar fhoghlaim tú ón bhfiosrúchán maidir le bainistiú aiste bia do pháistí atá ag freastal ar scoil ar mian leo meáchan sláintiúil a choimeád, na tosca ba chóir a chur san áireamh agus béilí á bpleanáil do pháistí atá ag freastal ar scoil ar mian leo meáchan sláintiúil a choimeád, agus le leordhóthanacht chothaitheach a chinntiú, cad iad na bianna atá oiriúnach nó neamhoiriúnach, cad iad na gnéithe faoi leith de phleanáil béilí a chaitear a chur san áireamh etc., conas a chomhlíonann na béilí a roghnaítear na riachtanais a sainaithníodh san fhiosrúchán.*

**Réimse Cleachtais B – Ullmhúchán Bia agus Próisis Chócaireachta**

**Tasc 3**

| |
|---|
| ***Áiríonn mórán cócairí gur trealamh riachtanach sa chistin iad meascthóirí bia agus cumascóirí láimhe leictreacha.*** <br> Roghnaigh meascthóir bia leictreach **<u>nó</u>** cumascóir bia leictreach agus déan taighde <br> • ar na saghsanna difriúla atá ar fail (brandaí, praghsanna, gnéithe, etc.) <br> • ar an úsáid is féidir a bhaint astu, i.e. feidhmeanna difriúla an phíosa trealaimh <br> • ar mhiasa / bhianna is féidir a ullmhú agus an píosa trealaimh seo á úsáid <br> • ar na heochairphointí atá riachtanach chun mias a dhéanamh agus an trealamh seo á úsáid. <br> **Ullmhaigh, cócaráil agus riar mias anraith <u>nó</u> milseoige atá fiosraithe agat agus an píosa trealaimh roghnaithe á úsáid agat**. <br> Déan an tasc a mheasúnú i dtaca **(a)** lena fheidhmiú agus **(b)** leis na buntáistí agus/nó na míbhuntáistí a bhaineann leis an bpíosa trealaimh roghnaithe a úsáid. |

**Príomhriachtanais an taisc**

- *taighde ar* ***na cineálacha difriúla meascthóirí bia leictreacha*** *<u>nó</u>* ***cumascóirí bia leictreacha*** *(brandaí, praghsanna, gnéithe, etc.)*
- ***úsáidí*** *i.e. an úsáid is féidir a bhaint as an bpíosa trealaimh a roghnaíodh agus na* ***miasa / bianna*** *is féidir a ullmhú*
- ***na heochairphointí atá riachtanach chun mias a dhéanamh agus an trealamh seo á úsáid***
- *mias roghnaithe* ***anraith nó milseog*** *agus cúiseanna leis an rogha.*

**Fiosrúchán**

**Brandaí na meascthóirí bia leictreacha / na gcumascóirí bia leictreacha atá ar fáil:** *Kenwood, Moulinex, Philips, Bosch, Gordon Ramsey, Russell Hobbs, James Martin, Ready Steady Cook etc.*

**<u>Meascthóirí bia leictreacha</u> (saorseasaimh, láimhe, cumaisc, próiseálaithe bia) - Vatacht:** *120 – 1200 vata*, **Luasanna:** *1-12*; **Costas**: *€6 - €500*; **Gnéithe Speisialta** – *rialú luais athraitheach, turba-luas cnaipe treisiúcháin, bailchríoch chróim, hanla bog / greim éasca, babhla cruach dosmálta atá éasca le glanadh, babhlaí suas le 5 lítear, buailteoirí, crúcaí agus greadtóirí, uirlis bhuailteora solúbtha, cumhdach K-lene (neamhghreamaitheach), barr inbhainte is féidir a úsáid mar mheascthóir láimhe, sciath steallta / doirte, teicneolaíocht ualach-bhraite, uaineadóir, scríobán babhla uathoibríoch, múchadh rólódála, stóráil corda, sábháilte don mhiasniteoir, gan chorda, corda sclóine is féidir a úsáid le ceachtar lámh, etc.* **Forbhaill** – *greadtóir – balúnach & cumhachta, buailteoirí agus crúcaí taois, leachtaitheoir, stiallaire, déantóir pasta, brúiteoir torthaí, déantóir uachtair reoite, súire, spadal, clúdach deannaigh, etc.* **Toilleadh Babhla**: *suas le 6.7 lítear, etc.*
**Úsáidí: Buailteoir –** *saill agus siúcra a bhualadh agus cístí á ndéanamh,* **Greadtóir –** *uachtar, meireang agus fuidreamh a mheascadh, etc.* **Crúca –** *arán agus taosrán a dhéanamh, etc.*
**Miasa / bianna** *is féidir a dhéanamh leis an meascthóir bia leictreach e.g. cístí – spúinse, cístí Maidéaracha, etc., brioscaí, taosrán, búiste, bruscar aráin, reoáin, brúitín glasraí, fuidreamh, uachtar a choipeadh, meireangaí, etc.*

**Príomhphointí riachtanacha chun meascthóir bia leictreach a úsáid i gceart:** *úsáid an ball ceart don mheascán, ná sáraigh an toilleadh uasta nó déanfar an mótar a rólódáil, glasáil an babhla ina áit sula gcuireann tú an meascthóir ar siúl, úsáid luas níos moille ag an tús agus nuair a bhíonn comhábhair tirime á gcur isteach, bíodh saill ag teocht an tseomra, úsáid an sciath steallta chun bianna mar shiúcra reoáin agus plúr a choinneáil istigh fad a bhítear á meascadh ach déan cinnte go mbíonn sé bainte de roimh ghreadadh ionas go mbeidh an t-aer in ann sruthlú go héasca, stop agus bain an meascán ó thaobhanna an bhabhla agus tú ag meascadh, déan cinnte go mbeidh na buailteoirí thíos sa mheascán sula gcasann tú an meascthóir ar siúl, ní féidir meascthóirí a bhfuil mótair bheaga iontu a fhágáil ar siúl ar feadh i bhfad, glan iad tar éis iad a úsáid, ná húsáid forbhaill e.g. leachtaitheoir ag an am céanna le bheith ag buaileadh, etc.*

**<u>Cumascóir láimhe</u>: Vatacht**: *220 – 800 vata*, **Luasanna**: *1-16*; Costas: *€6 - €90*; **Gnéithe Speisialta** – *feidhm bhíge, turba-chnaipe do chomhábhair chrua, sciath lainne frith-steallta, lanna agus seafta asbhainte de chruach dhosmálta, hanla le greim bog, claibín sábháilteachta, cásáil phlaisteach atá éasca le glanadh, múchadh uathoibríoch i gcás róthéimh, gan chorda, oiriúintí sábháilte le cur sa mhiasniteoir, etc.*
**Forbhaill** – *eascra plaisteach, gearrthóir, greadtóir, slat mhiotail / phlaisteach agus córas trí lanna, brúiteoir, brúiteoir oighir, cumascóir mór panna chun anraith a mheascadh díreach sa phanna, etc.*
**Úsáidí** – *cumasc, gearradh, greadadh, brú, cúradh, etc.*
**Miasa/Bianna** *is féidir a ullmhú le cumascóir láimhe leictreach e.g. anraithí, anlainn / súlaigh, torthaí & glasraí – caoineoga, bruscar aráin le haghaidh búistí, barráin d'fheoil & d'iasc, almóinní, pâtés, etc.*

**Príomhphointí riachtanacha chun cumascóir láimhe a úsáid i gceart***:* *ná cuir an mótar síos sa leacht, ná leag lámh ar na lanna nuair a bhíonn an phlocóid istigh, má bhíonn na lanna i bhfostú bain amach an phlocóid sula nglanann tú na comhábhair de na lanna, gearr comhábhair mhóra ina bpíosaí beaga, cuir na lanna síos go hiomlán sna comhábhair*

*sula gcuireann tú an fearas ar siúl, cas as fearas sula mbaineann tú an lann aníos as an leacht, as an gcumasc nó sula n-athraíonn tú forbhaill, ná sáraigh na cainníochtaí agus na hamanna próiseála a luaitear sna treoracha, úsáid an chomhréir cheart solad agus leachtanna, lig don fhearas fuarú idir tascanna, sula leantar ar aghaidh leis an bpróiseáil, ná húsáid an cumascóir le haghaidh feola, cáise, etc.*

**Miasa a roghnaíodh – ní mór anraith nó milseog a roghnú ó do chuid taighde a bheadh oiriúnach le hullmhú agus an meascthóir bia leictreach nó an cumascóir láimhe leictreach in úsáid**
**Measúnú** (mar a shonraítear sa tasc**)** – *na buntáistí agus na míbhuntáistí a bhaineann le meascthóir bia leictreach* ***nó*** *cumascóir láimhe leictreach a úsáid.*

**Réimse Cleachtais C: Teicneolaíocht an Bhia**
**Tasc 4**

***Déantar seatnaithe agus anlainn ghoinbhlasta as meascán de thorthaí agus de ghlasraí le fínéagar, siúcra, spíosraí agus salann etc. Is slí iontach iad chun úsáid a bhaint as farasbarr torthaí agus glasraí, go háirithe toisc go dtagann feabhas ar an mblas agus iad á stóráil.***

Fiosraigh **(i)** na torthaí agus na glasraí difriúla is féidir a chaomhnú sa tslí seo
**(ii)** conas mar a dhéantar caomhnú den saghas seo
**(iii)** na bunphrionsabail atá i gceist
**(iv)** na fadhbanna a d'fhéadfadh a theacht chun cinn.

Agus do rogha torthaí / glasraí á n-úsáid agat, ullmhaigh seatnaí **nó** anlann goinbhlasta agus cuir i bpota é. Cuir sonraí mar gheall ar an gcoimeádán agus ar an lipéadú a d'úsáid tú leis seo. Déan an tasc a mheasúnú i dtaca **(a)** le feidhmiú agus **(b)** le praiticiúlacht seatnaithe/anlainn ghoinbhlasta a dhéanamh sa bhaile.

**Príomhriachtanais an taisc**
**Déan fiosrúchán:**

- *faoi na torthaí agus na glasraí éagsúla is féidir a ullmhú chun seatnaithe nó anlainn ghoinbhlasta a dhéanamh*
- *faoin gcaoi a gcuirtear i bhfeidhm an modh chun seatnaithe /anlainn ghoinbhlasta a dhéanamh*
- *faoin mbunphrionsabal i gceist*
- *faoi na fadhbanna a d'fhéadfadh teacht chun cinn*
- *faoi mhionsonraí an choimeádáin, an chlúdaigh agus an lipéadaithe*
- *faoin táirge roghnaithe agus faoi na cúiseanna leis an rogha.*

**Fiosrúchán**
**Déan taighde faoi thorthaí agus faoi ghlasraí éagsúla is féidir a úrchaomhnú chun seatnaí/anlainn ghoinbhlasta a dhéanamh:**
**Torthaí –** *úlla, piorraí, aibreoga, plumaí, spíonáin, mangónna glasa, neachtairíní, mónóga, sméara dubha, dátaí, rúbarb, bananaí, rísíní, sabhdánaigh, daimsíní, puimcíní, cnónna cócó, papánna, anainn, etc.*
**Glasraí** *– trátaí dearga & glasa, piobair ghlasa & dhearga, mearóga, oinniúin, cabáiste bán, gairleog, biatas, eithní arbhair, seallóidí, cillí, etc.*

**An chaoi a gcuirtear i bhfeidhm an modh chun seatnaithe / anlainn ghoinbhlasta a dhéanamh:**
*Nitear, scamhtar agus gearrtar na glasraí, déantar iad a shuanbhruith i bpanna go mbíonn siad bog, leáitear siúcra sa mheascán, tugtar chun fiuchta arís é, cuirtear na comhábhair eile ar fad ann, déantar é a shuanbhruith go n-éiríonn sé tiubh, cuirtear i bpotaí é, cuirtear clúdach agus lipéad orthu agus fágtar iad in áit fhuar dhorcha ar feadh ar a laghad míosa amháin le go dtiocfaidh an blas chun cinn; gearrtar comhábhair anlann goinbhlasta ina bpíosaí níos mó mar go mbíonn siad níos gambaí, déanann siúcra & fínéagar iad a leasú agus tugann an sainbhlas milis & searbh, má chócaráiltear siúcra píosa fada tagann dath níos dorcha air, déantar anlainn ghoinbhlasta a chócaireáil ar feadh níos lú ama, úsáidtear spíosraí aramatacha, séimh nó te agus géar, éiríonn spíosraí aibí le haois agus mar sin is fearr seatnaithe a fhágáil cúpla mí sula n-itear iad, bíonn blas níos úire ar anlainn ghoinbhlasta agus bíonn blas níos aibí ar sheatnaithe, tugann braichfhínéagair/siúcra donn dath níos fearr ná fínéagar/siúcra bán, etc.*

**Bunphrionsabail i gceist –** *déantar seatnaí/anlann ghoinbhlasta, meascán torthaí nó glasraí,* ***a fhiuchadh chuig 100°C****, scriosann sin miocrorgánaigh agus íslíonn an méid leachta ar fáil le go bhfásfaidh siad, déantar iad a leasú trí fhínéagar, salann & spíosraí a úsáid,* ***íslíonn fínéagar ph*** *an bhia le haigéid nádúrtha na dtorthaí agus cruthaíonn sé riocht nach féidir le miocrorgánaigh fás inti, téann leacht ó na miocrorgánaigh go dtí an bia trí* ***osmóis*** *mar iarracht an neamhchothromaíocht sin a leigheas, déanann sé na* ***miocrorgánaigh a dhíhiodráitiú*** *agus mar sin scriostar iad, téann uisce amach as cealla baictéaracha trí osmóis de bharr an ard-dlúis siúcra, feidhmíonn siúcra, salann & spíosraí mar ghníomhairí leasaithe freisin, dínádúraíonn teas einsímí, etc.*

**Fadhbanna a d'fhéadfadh teacht chun cinn**
*Mura mbruitear seatnaí sách fada d'fhéadfadh sé bheith ró-leachtach, féadfaidh fínéagar éifeacht cruaite a bheith aige, ba chóir seatnaí a chócaireáil ar theas íseal go dtí go mbeidh an siúcra leáite, má bhruitear é ar feadh achar rófhada/róghearr beidh dath dorcha/geal air, ní mór seatnaí a shuaitheadh fad a chócaráiltear é ionas nach ngreamóidh sé de bun an phanna agus nach dtéachtfaidh sé, téigh na prócaí ionas nach mbristear iad nuair a chuirtear an seatnaí te iontu, ná lig do chlaibíní miotail teagmháil leis an táirge mar tarlóidh imoibriú idir an miotal agus an fínéagar agus cuirfear dídhathú agus drochbhlas ar an seatnaí, crapfaidh sé agus triomóidh sé mura gcuirtear séalú ceart air, éireoidh an leacht go dtí barr an chrúsca mura gcócaráiltear i gceart é, etc.*

**Coimeádáin oiriúnacha agus lipéadú do seatnaí/anlainn ghoinbhlasta** *e.g. prócaí gloine, scriú-chlaibíní laicearaithe/plaisteacha, páipéar fínéagar-dhíonach, málaí don reoiteoir, páipéar gréiscdhíonach le ciorcal cadáis clúdaithe le céir nó saill, lipéid, etc.*

***Mura ndéantar fiosrú faoi phacáistiú – 3 mharc***

**Miasa a roghnaíodh – seatnaithe nó anlainn ghoinbhlasta ag úsáid torthaí/glasraí.**
**Measúnú** (mar a shonraítear sa tasc**)** – *praiticiúlacht maidir le seatnaithe agus anlainn ghoinbhlasta a dhéanamh sa bhaile - ceisteanna acmhainní – am, scileanna, trealamh, pacáistiú, stóráil, fáil ar chomhábhair, tosca costais etc.*

**Réimse Cleachtais D – Miasa a léiríonn Airíonna Bia**

**Tasc 5**

***Is féidir uibheacha a úsáid ar a lán slite sa chócaireacht de thoradh na n-airíonna atá iontu.***
Déan taighde ar airíonna uibheacha agus ar na slite éagsúla a úsáidtear iad sa chócaireacht, agus mínigh an prionsabail atá i gceist i ngach cás. Sainaithin miasa a léiríonn úsáid gach airí.
Ullmhaigh, cócaráil agus riar ceann **amháin** de na miasa atá fiosraithe agat, agus ina bhfuil uibheacha mar phríomh-chomhábhar.
Déan an tasc a mheasúnú i dtaca **(a)** lena fheidhmiú agus **(b)** leis an gcaoi ar éirigh leat an t-airí / na hairíonna roghnaithe a chur i bhfeidhm agus an mhias á hullmhú.

## Príomhriachtanais an taisc

- *déan taighde ar 3 airí de chuid na n-uibheacha agus mínigh an prionsabal atá i gceist i ngach cás*
- *déan taighde ar na caíonna a n-úsáidtear gach airí díobh sa chócaireacht agus sainaithin miasa a léiríonn an úsáid sin*
- *an mhias a roghnaíodh agus cúiseanna leis an rogha.*

**Airíonna uibheacha:** *téachtadh, aerú / foirmiú cúir, eibliú*

**Prionsabal gach airí, úsáid sa chócaireacht agus miasa a léiríonn gach airí:**

**Téachtadh:** *téachtann an phróitéin in uibheacha nuair a chócaráiltear iad, téachtann an phróitéin sa ghealacán idir 60°C agus 65°C, agus mar sin éiríonn an gealacán teimhneach agus soladach, téachtann an phróitéin sa bhuíocán idir 65°C agus 70°C, mar thoradh ar théachtadh tosaíonn an slabhra próitéine ag roiseadh, ag díriú amach agus ag nascadh le chéile timpeall ar phócaí beaga uisce, féadfaidh treamhnú (gruthú) tarlú mar thoradh ar an iomarca teasa a chur faoi róthapa nó ar feadh achar rófhada ama, ba chóir uibheacha a bhualadh go maith leis an ngealacán a mheascadh leis an mbuíocán ionas nach dtéachtfaidh ceann amháin roimh an gceann eile, etc.*
***Feidhm sa chócaireacht / miasa: Cócaráil****: bruite, scallta, fiuchta nó scrofa, etc.* ***Tiúchán****: uibheagáin, custard, etc.* ***Cumhdach****: iasc, sicín, etc.* ***Táthú****: burgair, cístí éisc, etc.* ***Glónrú****: pióg úll, scónaí, etc.* ***Gléghlanadh****: consommés, glótháin, etc.*

**Aerú / Foirmiú Cúir:** *Is féidir le próitéin uibhe aer a ghabhadh agus cúr a dhéanamh, cuireann greadadh gealacáin bolgáin aeir sa mheascán, cruthaíonn greadadh teas chun albaimin a théachtadh beagán, roiseann slabhraí próitéine, díríonn siad amach agus téann siad ina línte thart ar na bolgáin aeir, déanann siad sraith thanaí thart ar na bolgáin agus éiríonn an meascán teann, déantar cúr bán sealadach, téachtann na slabhraí próitéine le linn na cócarála agus téachtann an cúr go buan, nó titfidh sé as a chéile, is féidir geilitín a úsáid chun an cúr a théachtadh, etc.*

**Feidhmeanna cócaireachta agus miasa:** *meireangaí, soufflés, cístí cáise, mousse, cístí spúinse, etc.*

**Eibliú:** *bíonn leicitin sa bhuíocán; oibreán eiblithe é; nuair a chuirtear leicitin le leachtanna, e.g. ola agus fínéagar nach meascann le chéile, coinníonn eibleacht le chéile iad, téann leicitin thart timpeall ar na braonta agus ní ligeann sí dóibh deighilt óna chéile, tá ceann hidrifileach (is maith leis uisce) agus eireaball hidreafóbach (ní maith leis uisce) ar an eiblitheoir leicitin, tarraingíonn cuid an uisce (fínéagar) an chuid hidrifileach chuige agus tarraingíonn cuid an ola an chuid hidreafóbach chuige; coinnítear an dá leacht le chéile agus ní ligtear dóibh deighilt, eibleacht ola-in-uisce (maonáis), etc.*

**Feidhmeanna sa chócaireacht agus miasa:** *maonáis (ola, ubh & fínéagar), anlann hollandaise (fínéagar & im), déanamh cístí (siúcra & saill), uachtar reoite, etc.*

**Miasa a roghnaítear – ní mór feidhmiú cócaireachta an airí a fiosraíodh a léiriú.**

**Measúnú** (mar a shonraítear sa tasc)

*Conas a d'éirigh leis an airí / na hairíonna a roghnaíodh agus an mhias á réiteach.*

**Réimse Cleachtais E: Anailís Chomparáideach agus Anailís Chéadfach san áireamh inti**

**Tasc 6**

| |
|---|
| ***Tá brioscáin shaillte ar na hearraí is mó ráchairt ar mhargadh na sneaicbhianna.*** <br> Fiosraigh an réimse de bhrioscáin shaillte atá ar fáil (i.e. saghsanna, brandaí, blasanna, etc.). <br> Ceannaigh **<u>dhá</u>** shaghas dhifriúla brioscán saillte. Is cóir an cineál/saghas céanna brioscán a cheannach. Bíodh an blas céanna orthu ach bíodh méid difriúil salainn iontu. Agus tástáil chomparáide phéirithe threoch á húsáid agat, déan comparáid idir na brioscáin ó thaobh na saillteachta de. <br> Déan an tasc a mheasúnú i dtaca **(a)** lena fheidhmiú agus **(b)** leis na torthaí a fuarthas sa tástáil (i.e. anailís ar na tosca a bhféadfadh sé go raibh tionchar acu ar an toradh a fuarthas). |

**Príomhriachtanais an taisc**

- *déan taighde ar an réimse brioscán saillte atá ar fáil (i.e. saghsanna, brandaí, blasanna, méid salainn etc.)*
- ***tástáil chomparáide phéirithe threoch** (cur síos, aidhm agus torthaí a d'fhéadfadh a bheith i gceist)*
- *tosca atá le rialú le linn na tástála*
- *na brioscáin a roghnaíodh agus cúiseanna leis an rogha*

**Fiosrúchán**

- Taighde / Fiosrúchán ar tháirgí atá oiriúnach don tástáil
  *i.e. fiosraigh an réimse brioscán saillte atá ar fáil (i.e. saghsanna, brandaí, blasanna, etc.).*

**= 20**

- **Tástáil chomparáide phéirithe threoch**

***Cur Síos:*** *cuirtear dhá shampla chódaithe i láthair an tástálaí, iarrtar ar an tástálaí a rá cén sampla is mó a bhfuil salann ann etc.*
***Aidhmeanna na tástála:*** *a dhéanamh amach cé acu den dá shampla is goirte.*
***Torthaí a d'fhéadfadh a bheith ann:*** *a dhéanamh amach cé acu ceann de na brioscáin shaillte is goirte.*

**Sainaithint na dtosca atá le rialú le linn na tástála**

*Tosca a bhaineann go sainiúil leis an tasc, m.sh. méid, cruth agus dath na gcoimeádán á úsáidtear don tástáil, cainníochtaí mar a chéile i ngach sampla, códú samplaí, sláinteachas, am, san áit a ndéantar an tástáil, cúinsí cothaithe, tuiscint ar céard atá i gceist le goirte, etc.*

- **An mhias roghnaithe agus na critéir roghnaithe**

***Na brioscáin roghnaithe.*** **(2 tháirge brioscáin @ 2 mharc) = 4**
*Luaigh cúiseanna leis an rogha.* **(2 chúis @ 2 mharc an ceann) = 4**

***Foinsí – 2 × 1 mharc (2 mharc)*** **= 2**

**Ullmhúchán agus Pleanáil**

- **acmhainní** **= 3**
- **an príomhthrealamh a theastaíonn leis an tasc a dhéanamh**

**Tástáil chomparáide phéirithe threoch –** *tráidire, gloine uisce, táirge brioscáin, coimeádán le samplaí de bhia A agus de bhia B, cártaí scórála, bileoga taifid, peann, etc.*

**Ord na hoibre** **= 3**

**Tástáil Chomparáide Phéirithe Threoch:** *Cuir cód ar na coimeádáin, déan lipéadú ar na cártaí scórála agus ar an mbileog thaifid, socraigh tráidirí, déan an tástáil chomparáide phéirithe threoch, bailigh na cártaí scórála, aistrigh na torthaí chuig bileog thaifid, foilsigh na cóid atá i láthair, déan measúnú ar na torthaí, cuir slacht ar an áit agus déan níochán, etc.*

**Cuir i bhfeidhm** **= 16**

**An modh oibre a chleachtar agus an ghné seo den tasc á déanamh**
***Ba chóir seicheamh iomlán an chur i bhfeidhm a thabhairt & ba chóir torthaí na tástála a chur i láthair, etc.***

**Tástáil Chomparáide Phéirithe Threoch, (dhá táirge)**

*Níor cheart baint a bheith ag tástálaithe le réiteach na tástála. Cuir cóid ar na coimeádáin le siombailí – ceann leis an tsiombail □ agus ceann leis an tsiombail O, socraigh na tráidirí leis na coimeádáin chódaithe, gloiní uisce, feistigh dhá bhranda dhifriúla brioscáin i gcoimeádáin chódaithe, cuir na samplaí i láthair go randamach ar gach aon tráidire, lean na treoracha ar an gcárta scórála, ba cheart an t-ord inar blaiseadh iad a shonrú ar chárta scórála, bailigh na cártaí agus aistrigh torthaí gach tástálaí ina ngrúpa go dtí an bhileog thaifid, comhairígh na freagraí cearta, foilsigh na cóid, déan na torthaí a chur i láthair agus a mheasúnú, cuir slacht ar an áit agus déan níochán, etc.*

- **Príomhchúinsí a cuireadh san áireamh (aon 2 @ 4 mharc an ceann)** **= 8**

*Ar na príomhchúinsí is féidir a chur san áireamh chun go mbeidh rath ar an tasc seo áirítear – na tosca **a rialaíodh** le linn na tástála … códú, an rogha brioscán, a fheabhas a cócaráladh iad, comhionannas na samplaí don tástáil, méideanna leordhóthanacha, gloine uisce/nó craicear tirim curtha ar fáil leis an gcarball a ghlanadh, tábhacht le ciúnas le linn na tástála, an t-ord inar blaiseadh iad, ord an chur i láthair randamach etc.*
***(ní mór do na príomhchúinsí tagairt don tástáil a rinneadh go hiarbhír)***

- **Sábháilteacht agus sláinteachas**
**(pointe sábháilteachta amháin @ 2 mharc + pointe sláinteachais amháin @ 2 mharc)** **= 4**

***Sábháilteacht:*** *tástálaithe a bhfuil ailléirgí orthu – cnónna, aistí bia speisialta, e.g. céiliach, leagan amach láthair na tástála etc.*
*Dea-chleachtas **sláinteachais** maidir le: láthair an ullmhúcháin agus láthair na tástála, láimhseáil samplaí – lámhainní plaisteacha in úsáid / gloiní aon uaire, etc.*

**Measúnú**

- **Cur i bhfeidhm (2 phointe × 4 marc an ceann)** **= 8**

*Na modhanna tástála a úsáideadh*
*Príomhchúinsí agus an tástáil á déanamh*
*Ceisteanna sábháilteachta agus sláinteachais a cuireadh san áireamh*
*Fadhbanna a tháinig aníos agus moltaí lena réiteach*
*Measúnú ar éifeachtúlacht an oird oibre*

- **Sainriachtanais an taisc (2 phointe × 4 mharc)** **= 8**

*Na torthaí a baineadh amach, tosca a d'fhéadfadh cur leis na torthaí tástála a baineadh amach etc.*

**Banda A = 4 mharc**
**Banda B = 3 mharc**
**Banda C = 2 mharc**

# *Aguisín 1*

## *Treoracha Ginearálta do scrúdaitheoirí maidir le bronnadh marcanna.*

1. Riachtanais an scrúdaithe:
   Ní mór d'iarrthóirí taifead a dhéanamh ar **chúig** thasc agus iad a chur i láthair le haghaidh an scrúdaithe.
   Maidir leis na **Réimsí Cleachtais**, ní mór d'iarrthóirí na nithe seo a leanas a chríochnú
   Réimse A – Tasc **amháin**
   Réimse B – Tasc **amháin**
   Réimse C – Tasc **amháin**
   Réimse D – Tasc **amháin**
   Tasc amháin eile as Réimse A **nó** as Réimse E
   **Má chríochnaíonn iarrthóir cúig thasc gan riachtanais an scrúdaithe a chomhlíonadh** mar atá siad leagtha amach thuas, marcálfaidh an scrúdaitheoir na cúig thasc mar a chuirtear i láthair iad agus dícheadóidh sé na marcanna a bhronntar ar an tasc leis an marc is ísle as Réimse A **nó** E.

2. Caithfidh gníomhaíochtaí praiticiúla éagsúla a bheith san áireamh i ngach tasc sa Staidéar Bia.
   **Má dhéanann iarrthóir gníomhaíocht phraiticiúil in athuair don dara tasc,** marcálfaidh an scrúdaitheoir an ghníomhaíocht phraiticiúil athdhéanta mar a chuirtear i láthair í agus dícheadóidh na marcanna a bhronntar ar an ngníomhaíocht phraiticiúil athdhéanta leis an marc is ísle.

3. **Má chríochnaíonn iarrthóir an fiosrúchán agus / nó an t-ullmhúchán agus an phleanáil agus / nó gnéithe measúnaithe an taisc ach mura gcríochnaíonn sé an cur i bhfeidhm,** marcálfaidh an scrúdaitheoir gnéithe críochnaithe an taisc mar a chuirtear i láthair iad. Dícheadófar na marcanna do **mheasúnú an chur i bhfeidhm,** áfach, áit a dtugtar faoi.
   Maidir leis na Tascanna 3, 4, 5 agus 6 dícheadófar **measúnú na sainriachtanas** freisin.

4. **Má chríochnaíonn iarrthóir an t-ullmhúchán agus an phleanáil agus / nó an cur i bhfeidhm agus / nó gnéithe measúnaithe an taisc, ach mura dtugann sé an fiosrúchán chun críche,** marcálfaidh an scrúdaitheoir gnéithe críochnaithe an taisc mar a chuirtear i láthair iad. Dícheadófar na marcanna do **mheasúnú shainriachtanais an taisc,** áfach, áit a dtugtar faoi.

5. **Mura sainaithnítear an mhias / táirge a ullmhaíodh san fhiosrúchán,** ach má chomhlíontar riachtanais an taisc, bain na marcanna cuí a bhronntar (-1/-2) faoi bhéilí / miasa / táirgí san fhiosrúchán.

6. **Níl obair thaispeána an Mhúinteora inghlactha,** mar sin ní bhronnfar aon mharcanna ar an gcur i bhfeidhm ná ar mheasúnú an chur i bhfeidhm.

7. **Mura bhfuil an mhias** a roghnaíodh **ag teacht go hiomlán** leis na riachtanais e.g.
   - ***Mias gan chócaráil*** roghnaithe nuair a iarradh mias a bheadh cócaráilte
   - Mias ***nach bhfuil oiriúnach do pháistí atá ag freastal ar scoil chun meáchan sláintiúil a choimeád*** – Tasc 2
   - Ní léiríonn mias a roghnaíodh ach ***beagán scileanna próiseála***
   - Áiríodh sa mhias a roghnaíodh ***an iomarca bianna áise***

   Asbhain – 8 marc ón marc iomlán a bronnadh as an tasc agus cuir isteach míniú mar atá léirithe thuas.

8. I gcás **méise nach dtagann le riachtanais an taisc,** e.g. mias mhilseoige a ullmhaíodh in áit príomhchúrsa; níl aon mharc le bronnadh.

9. I gcás go ndícheadaíonn múinteoir feidhmiú praiticiúil, ní cheadaítear aon mharc don **Chur i bhFeidhm** ná do **Mheasúnú an Chur i bhFeidhm**. Féadfar gach réimse eile a mharcáil.

**N.B. Ní mór gach cás a sheiceáil leis an scrúdaitheoir comhairleach sula gcuirtear i bhfeidhm iad. Nuair atáthar ag cur cás i bhfeidhm léirítear é trí S. 7 - 8 marc a chur leis an mbarúil chuí ag tús an taisc.**